Ag cur leis an tiomantas d'oideachas ionchuimsitheach, i ndeireadh 2024 bhronn an Roinn Oideachais pátrúnacht ar Scoil Speisialta Phobal Mhuineacháin nua pleanáilte ar BOOCM. Beidh sé seo ar an gcéad scoil speisialta tiomnaithe sa chontae, ag freastal ar leanaí a bhfuil uathachas agus riachtanais chasta foghlama acu agus leanaí a bhfuil riachtanais chasta foghlama acu suas go dtí 18 mbliana d'aois. Táthar ag súil go n-osclofar Pobalscoil Speisialta Mhuineacháin don bhliain acadúil 2025/2026.



Figiúr 13 Buaigh daltaí Choláiste Naomh Mogue duais ag Duaiseanna Idirghlúine na hIdirbhliana in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Tairgeann BOOCM an Pholainnis mar nuatheanga iasachta do mhic léinn trí úsáid a bhaint as cur chuige atá bunaithe ar fhoghlaím chumaisc. Bíonn líon níos lú mac léinn as scoileanna difriúla ag foghlaim ar líne agus aghaidh ar aghaidh. In 2024, rinne 29 mac léinn Polainnis don Ardteistiméireacht. Tá an clár seo á reáchtáil i gcomhpháirt le Teangacha Iar-bhunscoile Éireann. Rinneadh dhá lá Polannach a cheiliúradh i scoileanna rannpháirteacha ar an 16 agus 23 Eanáir 2024.

Éiteas

Ceapadh ceannairí éitis i ngach ceann de na 11 scoil. Rinne na Ceannairí Éitis seo cur i láthair PowerPoint maidir le hÉiteas, a d'fhorbair an Comhordaitheoir Éitis, Siobhán Sheerin, ag cruinniú foirne agus ag cruinniú den Bhord Bainistíochta i ngach scoil.

Cuireadh Foireann Éitis BOOCM ar bun agus reáchtáladh roinnt cruinnithe TEAMS ar líne in 2024. Roinntear na hacmhainní ar fad ar an ardán seo, mar shampla, cuir i láthair PowerPoint, iatáin do dhialanna scoile, smaointe do chomórtas agus smaointe do ghradam. D'eagraigh ár gComhordaitheoir Éitis ceiliúradh Éitis inár scoileanna BOO le linn Sheachtain BOO 2024 trí shiúlóid phobail a óstáil i bPáirc Ros Mór le rannpháirtíocht ó gach ceann de na 11 scoil.



Figiúr 14 Daltaí BOOCM ag ceiliúradh Éiteas an BOO i bPáirc Ros Mór

Tá trí scoil (Coláiste Ard Feá, Coláiste Naomh Bricín agus Coláiste Bhaile na Lorgan) ag múineadh an churaclaim Féiniúlachta agus Ilchreidimh agus Luachanna do ranganna na chéad bhliana.



Figiúr 15 Buaiteoir Sparánacht na Gaeilge Seachtain BOO 2024 Aoibhinn Ní Craoibhínn ó Choláiste Oiriall

Freastalaíonn Ceannasaí Éitis BOOCM, Siobhán Sheerin, ar sheisiúin i gCeanncheathrú BOOÉ chun a chinntiú go bhfuil an t-eolas is déanaí aici maidir le forbairtí náisiúnta agus chun líonrú le ceannasaithe Éitis BOO eile.



Figiúr 16 Éiteas agus Croíluachanna Scoileanna BOO



Paddy Flood, Stiúrthóir Scoileanna

7.2 Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna

Cuireann Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna (BO) BOOCM raon leathan clár lánaimseartha agus páirtaimseartha ar fáil ar fud an Chabháin agus Mhuineacháin, ag tairiscint deiseanna foghlama luachmhara dóibh siúd atá os cionn 16 bliana d'aois. Is cláir ghairmiúla iad den chuid is mó, mar shampla, cúram leanaí, cúram sláinte, TFC, innealtóireacht, lena dtugtar bealaí soiléire isteach san fhostaíocht. Mar an gcéanna, tá roinnt deiseanna dul chun cinn ó chlár BO chuig ardoideachas (mar shampla, Ollscoileanna agus Institiúidí Teicneolaíochta/cláir Ollscoile Teicneolaíochta).

Cuimsíonn BO BOOCM 5 sheirbhís ar leith:

- i. **Dhá Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna (BO)** – Institiúid an Chabháin agus Institiúid Mhuineacháin – a sholáthraíonn cláir scileanna ghairmoiliúna ag Leibhéal 5 agus ag Leibhéal 6 DCC.
- ii. **Seirbhísí Oideachais d'Aosaigh** – raon clár scileanna páirtaimseartha bunúsacha agus gairmoiliúna agus caithimh aimsire a chur ar fáil ag Leibhéal 1-6.
- iii. **Seirbhísí Oiliúna** – cuimsítear anseo an tSeirbhís Printíseachta, Cláir Oiliúna i Sainscileanna, Cúrsaí Oiliúna, Slabhra Soláthair, Ionad Lóistíochta agus Soláthair, Cúrsaí sa Tráthnóna, Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla agus Soláthraithe Oiliúna Speisialtóra.
- iv. **Ógtheagmháil** - Sé Ionad Ógtheagmhála a sholáthraíonn raon leathan clár deimhnithe do luathfhágálaithe scoile.
- v. **Oideachas Príosúin** ag Príosún Oscailte Theach an Locháin, An Cabhán.

Tá Seirbhís BO BOOCM éagsúil agus forleathan agus tá cúrsaí lánaimseartha agus páirtaimseartha, le teastas agus gan teastas, á gcur ar fáil i bpobail uirbeacha agus thuaithe ar fud an dá chontae.



Figiúr 16: Seoladh Náisiúnta Dhuaiseanna ESOL QQI Leibhéal 1 agus 2 ar an Meitheamh 2024

In 2024, rinne Ionaíd agus Seirbhísí BO BOOCM dul chun cinn suntasach thar raon tionscnamh agus forbairtí.

Tháinig Institiúid Mhuineacháin agus Institiúid an Chabháin chun bheith ina gcomhpháirtithe i dtionscadal PEACEPLUS de chuid Chomhghuaillíocht Trasteorann an Oirdheisceart um Ardoideachas/Boiliúnoideachas/Tionscal a bhfuil sé mar aidhm aige Réigiún Oirdheisceart na hÉireann a fheabhsú trí dhul i ngleic leis an mbearna scileanna idir an t-oideachas agus riachtanais na dtionscal áitiúil. Fuair an tionscadal maoiniú PEACEPLUS €9 milliún agus díreoidh sé ar fhorbairt scileanna trí chomhpháirtíochtaí le hInstitiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, Coláiste Réigiúnach an Deiscirt, Institiúid Mhuineacháin, agus Institiúid an Chabháin. Cuimsíonn an tionscnamh seo ceithre bliana agus cuimsíonn sé oideachas ó Leibhéal 4 go 9, cúrsaí idirlinne, agus foghlaim obairbhunaithe.

Bhunaigh Institiúid Mhuineacháin ardbhealach iontrála le Scoil Ghnó agus Daonnachtaí DKIT, rud a thug deis do mhic léinn Staidéar Gnó dul ar aghaidh go Bliain 3 agus Bliain 4 den chéim ceithre bliana Leibhéal 8. Chuir Institiúid an Chabháin clár nua treasach BA(Onóracha) i gCleachtas Cúraim Shóisialaigh chun cinn i gcomhpháirtíocht le hOllscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh a bheidh ag tosú i mí Mheán Fómhair 2025.

Bhí earcaíocht foghlaimeoirí 2024/2025 láidir in Institiúid an Chabháin, agus chláraigh os cionn 1,000 foghlaimeoir lánaimseartha agus os cionn 300 foghlaimeoir scoile oíche. Leathnaigh Institiúid Mhuineacháin a cuid tairiscintí cúrsaí i réimsí ar nós Teiripe Urlabhra agus Teanga, Córais Ríomhaireachta agus Líonraí, Cúntóir Riachtanais Speisialta Iar-bhunscoile, agus Teicneolaíochtaí Tógála In-athnuaite.

Tugadh faoi thionscadail Erasmus sa dá Institiúid. Chuir socrúchán oibre Erasmus+ coicíse san Ísiltír taithí luachmhar ar fáil do mhic léinn Forbartha Bogearraí agus Teicneolaíochta Innealtóireachta Institiúid Mhuineacháin, rud a nocht iad do thimpeallachtaí ceannródaíocha. In Institiúid an Chabháin, chuir socrúcháin chuig Málta agus an Eastóin deiseanna luachmhara foghlama ar fáil do 25 foghlaimeoir.

D'fhostaigh seirbhísí Oideachais Aosaigh thart ar 7,500 foghlaimeoir in ainneoin srianta maoinithe. Leithdháil Ciste REACH thart ar €130,000 a thacaigh le tionscadail éagsúla pobail agus óige. Leithdháil an Ciste um Nuálaíocht agus Comhoibriú Litearthachta d'Aosaigh €41,000 ar thionscnaimh éagsúla, lena n-áirítear ionsamhlóirí tiomána agus scríbhneoireacht cláir IS.

In 2024 tugadh isteach tionscadal nua – Sraith Phodchraoltaí 'The Journey' - ag roinnt réimse éagsúil scéalta foghlaimeoirí BO. D'eisigh an fhoireann Treorach d'Aosaigh é seo agus fuair siad tuairim is 500 éisteacht in aghaidh na heipeasóide.



Figiúr 17 Seoladh Podchraoladh "An Turas"

Tháinig fás suntasach ar fhostóirí agus ar phrintísigh phrintíseachta chláraithe i Seirbhísí Oiliúna. Ag deireadh 2024 bhí BOOCM ag soláthar do 405 fostóir agus 1,046 printíseach.

Mhéadaigh líon na scoileanna tráthnóna go 350 foghlaimeoir a d'fhreastail ar 32 cúrsa páirtaimseartha. Mheall imeachtaí nua Móraonach Fostaíochta agus Oiliúna sa Chabhán agus i Muineachán os cionn 70 fostóir agus 300 lucht freastail pobail. Forbraíodh Tairseach Fostóirí freisin agus is príomhnasc ar líne é idir fostóirí, BOOCM, foghlaimeoirí agus cuardaitheoirí poist



Figiúr 18 Seoladh BOOCM an Tairseach Fostóirí: acmhainn d'fhostóirí áitiúla sa réigiún

Chonaic tionscnamh BO isteach sna Scoilenna méadú ar rannpháirtíocht, agus chríochnaigh 423 mac léinn dara leibhéal roinnt ceardlanna oiliúna scileanna ar fud an Chabháin agus Mhuineacháin. Ina theannta sin, seachadadh clár an tSlabhra Soláthair, Lóistíocht agus Soláthar (SSLS) isteach i Scoileanna do thart ar 450 scoláire Idirbhliana agus Ardteistiméireachta Feidhmí i scoileanna an Chabháin agus Mhuineacháin in 2024.

Lean an tIonad Barr Feabhais um Shlabhra an tSoláthair, Lóistíocht & Soláthar ar aghaidh ag tairiscint cúrsaí coitianta ar nós Tréimhsí Oiliúna Tiomána Gairmiúla HGV, Tiomáint Daingean, Artach agus Bus/Cóiste (Lánaimseartha agus Páirtaimseartha), Ceannach agus Soláthar, Lóistíocht agus Dáileadh, Oibríochtaí Slabhra Soláthair, Oiliúint Trucail Forc, Tiomáint Éicea-chuidithe Digiteach, Lasta a Chur ar Aghaidh agus Trádáil Idirnáisiúnta. Fuair os cionn 250 foghlaimeoir ceadúnais tiomána ghairmiúla, ag tabhairt aghaidh ar an nganntanas tiománaithe tromchúiseach sa tionscal.

Lean oiliúint scileanna ar leith BOOCM ag fás ó neart go neart in 2024 agus bhí éileamh suntasach ar chlár innealtóireachta agus tógála ar fáil. I measc na gclár nua bhí Tirimlíneáil City and Guilds, Téamh faoi thalamh Lantra agus Cáilíochtaí carntha CompTIA i réimse na cibearshlándála. D'oibrigh oiliúint Scileanna ar leith in éineacht le Forbairt Lucht Saothair BOOCM chun ranganna táthúcháin Gás Támh Miotail (MIG) a sholáthar do roinnt cuideachtaí áitiúla sa Chabhán agus i Muineachán.

Seirbhísí Dearbhaithe agus Feabhsaithe Cáilíochta (QAES) forbartha agus daingnithe bailíochtú le haghaidh 17 dámhachtain nua thar réimsí éagsúla ábhair. Forbraíodh straitéisí Foghlama Cumaisc agus Aitheantais Réamhfhoghlama freisin, agus chuir tionscnaimh Guth na bhFoghlaimeoirí go leor foghlaimeoirí i dteagmháil trí shuirbhéanna (1,255 foghlaimeoir) agus fóraim (397 foghlaimeoir).

Bhain Ógtheagmháil tairbhe as dhá áitreabh mhalartacha a oscailt do na hionaid i gCarraig Mhachaire Rois agus i nDún an Rí, rud a chuir leis an eispéireas foghlaimeora. D'éascaigh iarratais rathúla ar mhaoiniú Erasmus soghluaisteachtaí foirne Ógtheagmhála agus foghlaimeoirí. Rinne an tionscnamh SENI meantóireacht foghlaimeora a reáchtáil ar bhonn píolótach in dhá ionad, rud a chruthaigh go raibh rath air le moltaí maidir le leathnú.



Figiúr 19 Oscailt Oifigiúil áitreabh nua Ógtheagmhála Charraig Mhachaire Rois

Bhí sonraí agus baint amach spriocanna BOOCM láidir ar an iomlán. Thaifead BOOCM 9,760 foghlaimeoir ar leith agus 15,977 tairbhí in 2024. Bhí rátaí gnóthachtála an Chomhaontaithe Feidhmíochta Straitéiseach go hiontach, agus baineadh amach/sáraíodh formhór na spriocanna



Figiúr 20 BOOCM ag óstail Dhaiseanna Náisiúnta na bPrintíseachtaí

Cuireadh tionscadail chaipitil chun cinn in 2024 freisin. Críochnaíodh áitreabh Bhaile an Mhuilinn agus ar an gcaoi sin cuireadh trí cheardlann bhreise printíseachta ar fáil. Tugadh faoi oibreacha uasghrádaithe leanúnacha ag gach Ionad.

Ar deireadh, ag deireadh 2024, fuair BOOCM an-fháilte roimh an scéala gur éirigh lena aighneacht shuntasach maidir le Coláiste nua Todhchaí don Chabhán dul ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den fhaomhadh. Tionscadal tosaíochta a bheidh ann in 2025/26.



An Dr Linda Pinkster, Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna

7.3 Seirbhísí Ginearálta BOOCM

Glúin an Cheoil

Tá Glúin an Cheoil an Chabháin agus Mhuineacháin i ndiaidh clár fadtéarmach a chur ar fáil do bhreis is 3,264 Leanbh agus Duine Óg (LDÓ) ar bhonn seachtainiúil i scoileanna agus sa phobal. Thug Glúin an Cheoil an Chabháin agus Mhuineacháin deis do 12,048 LDÓ páirt a ghlacdh i gcláir thaibhithe cheoil in 2024.

Tábla 9: Seisiúin Music Generation i gCabhán agus i Muineachán a cuireadh ar fáil in 2024.

Líon na mbunscoileanna inar cuireadh seisiúin sheachtainiúla ar fáil	37
Líon na suíomhanna cúraim leanaí inar cuireadh seisiúin sheachtainiúla ar fáil	2
Líon na n-iarbhunscoileanna inar cuireadh seisiúin sheachtainiúla ar fáil	4
Líon na Scoileanna Speisialta inar cuireadh seisiúin sheachtainiúla ar fáil	1
Líon na mol pobail inar cuireadh seisiúin sheachtainiúla ar fáil	2

Tábla 10: Buaicphointí do Music Generation, Cabhán agus Muineachán 2024

Taispeántas Mol Samhraidh Ghlúin an Cheoil mar chuid de Chruinniú na nÓg i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae an Chabháin agus Mhuineacháin.	Mol Traidisiúnta ag a raibh Cláir a bhí dírithe ar an bPíob Uilleann, an Chruit, an Fheadóg agus an Fhidil á dtairiscint, ina raibh House of Spooky Tunes.	Turas Music on Wheels.
Moil Scoile i gColáiste Ard Feá agus Coláiste Inbhir ag tairiscint clár a bhí dírithe ar na Drumaí, an Giotár agus an Méarchlár.	Clár Ensemble Cruit na Sóisear agus Sinear.	Clár Banna Mór Tradoodle
'A Deep Ravine' - Ceolfhoireann Tíre Trasteorann sa Guildhall i nDoire agus sa Cheoláras Náisiúnta i mBaile Átha Cliath.	Clár Lullaby Leaf i gcomhpháirt le Ceol Connected.	Fairytale of New York i gcomhar le 'The Whistlin Donkeys '.
Come Sing with Us - Cór Sóisearach agus Cór Sinsireach.	Late Late Show Speisialta do Lá 'le Pádraig.	Féile Thionóil i nDeireadh Seachtaine Glúin an Cheoil Laoise.
Taibhiú Fhleadh Cheoil na hÉireann le Clár Banna Mór Tradoodle.	Ceiliúradh 10 mBliana Ghlúin an Cheoil.	Lá Náisiúnta na hÓige agus Scéalta Songbirds
Lá Náisiúnta na gCláirseach agus Féile Ed Reavey an Chabháin.	Taibhithe Fhéile Oiriall.	Lá Domhanda na bhFidléirí.
Taibhiú Oíche Chultúir – NASC'24 in Amharclann Gharáiste.	Taibhithe Teachín Mhargadh na Nollag.	Turas Cláirseach – Ceiliúradh Eoin Roe.

A Deep Ravine: Reflections on a Divided Ireland (Machnamh ar Éirinn Roinnte)

Leag léiriú **A Deep Ravine: Reflections on a Divided Ireland** le Glúin Cheoil an Chabháin/Mhuineacháin béim ar ról ríthábhachtach na gcomhpháirtíochtaí le heagraíochtaí agus le maoinitheoirí maidir le tionscadail uailmhianacha a bhaint amach. Bhí baint lárnach ag na comhoibrithe seo leis an léiriú a chur chun cinn, rud a chuir ar ár gcumas é a thabhairt chuig dhá cheann de na stáitsí is mó le rá in Éirinn in 2024: An Guildhall i nDoire agus an Ceoláras Náisiúnta i mBaile Átha Cliath.

Ag tógáil ar an rath a bhí ar a chéad léiriú ag an Spiegeltent i bPáirc Hilton, Cluain Eois, Co. Mhuineacháin in 2023, leathnaigh an deis chun A Deep Ravine a dhéanamh saolré an tionscadail arís agus dhoimhnigh sé a thionchar ealaíne. Léirigh gach taibhiú an fás iontach i gceoltóireacht i measc ár dtaibheoirí óga, rud a thug deis dóibh a n-ealaíontóireacht a bheachtú le gach céim a ghráigh siad. Bhí an

dá imeacht i bhfad níos fearr ná mar a bhíothas ag súil leis agus iad ag mealladh lucht féachana nua agus éagsúil agus ag an am céanna ag ceiliúradh tallann agus dúthracht eisceachtúil ár gceoltóirí óga. Léiríonn na taibhithe seo ceann de na héachtaí is bródúla atá bainte amach againn mar eagraíocht.



Figiúr 21 Taibhiú Music Generation ag an Halla Ceolchoirme Náisiúnta, Baile Átha Cliath

Maidir leis na ceoltóirí óga a bhí páirteach, bhí an taithí seo claochlaitheach. Scairt a ndúthracht agus a bpaisean go geal agus iad ag seachadadh taibhithe ar chaighdeán den scoth, ag meascadh scil theicniúil le doimhneacht mhothúchánach. Nóiméad bróid ollmhór a bhí ann, ag ardú a gcuid ealaíontóireachta agus féinmhuiníne. Tá mothúchán athnuaite cuspóra agus uailmhéine léirithe ag go leor acu ó shin, spreagtha ag an bhféidearthacht go mbeadh deiseanna sa cheol amach anseo.

Tá aitheantas forleathan tugtha don léiriú as a fheabhas cumhachtach scéalaíochta agus ealaíne, ag spreagadh comhráite faoi chomhoibrithe amach anseo agus fiú taibhithe idirnáisiúnta. Taobh amuigh den stáitse, bhí tionchar as cuimse ag an eispéireas ar na taibheoirí óga, rud a chabhraigh leo forbairt, ní hamháin mar cheoltóirí ach mar ealaíontóirí atá in ann nascadh go domhain lena lucht féachana. Ní hamháin gur spreag an tionscadal seo ár ndaoine óga ach d'ardaigh sé próifíl Ghlúin Cheoil an Chabháin/Mhuineacháin freisin, rud a chothaigh mórtas láidir inár bpobail agus a chuir béim ar chumhacht chlaochlaitheach an cheoil.

Fairytale of New York – Comhoibriú Físeáin na Nollag

Buaicphointe na bliana a bhí sa chomhoibriú féiltiúil seo, ag tabhairt le chéile buanna cheoltóirí óga Ghlúin Cheoil an Chabháin/Mhuineacháin leis an mbanna ceoil

clúiteach Éireannach, The Whistlin' Donkeys. Ghlac os cionn 142 páiste ónár gcór agus ónár n-ensembles páirt i léiriú físeán do-dhearmadta a rinne ceiliúradh ar phobal agus ar chomhpháirtíocht ar fud ár gcláracha go léir. Ba bhrionglóid a tháinig i gcrích é a bheith ag seinm in éineacht le banna ceoil a bhfuil adhradh ag go leor de na páistí dó. Chothaigh croíúlacht agus spreagadh The Whistlin' Donkeys obair foirne agus ioncuimsitheacht, ag neartú na naisc idir rannpháirtithe. Ghníomhaigh na daltaí níos sine mar eiseamláirí, ag spreagadh ceoltóirí níos óige agus ag neartú an timpeallacht thacúil a shainíonn ár gcláir



Figiúr 22 Taibhiú de Fairytale of NewYork ina bhfuil na Whistlin' Donkeys

Chuir an tionscnamh seo eispéireas foghlama thar a bheith luachmhar ar fáil freisin. Chonaic na páistí an próiseas iomlán chun beocht a chur i bhfíseán ceoil, idir chóirithe agus chleachtaí agus taifeadadh gairmiúil agus léiriú físe. I gcás go leor, ba é an chéad léargas a thug siad ar shaol taobh thiar de na radharcanna den léiriú ceoil, rud a leathnaíonn a dtuiscint ar an ealaíontóireacht taibhithe. D'fhág an tionscadal tionchar buan, ag cruthú cuimhní cinn luachmhara agus ag doimhniú grá na bpáistí don cheol. Léiriú cumhachtach a bhí ann ar láidreacht ár gcláracha agus ar chumas an cheoil daoine a aontú, a spreagadh, agus a thabhairt le chéile mar aonán amháin.

An Amharclannaíocht

D'óstáil Amharclann Gharáiste dhá chlár iomlána imeachtaí i rith na bliana, agus léiríodh os cionn 80 seó le linn thairiscintí an Earraigh/an tSamhraidh agus an Fhómhair/an Gheimhridh, a raibh freastal maith orthu. Cuireadh tús láidir le Séasúr Amharclann an Gheimhridh leis an gcéad léiriú domhanda de dhráma nua Pat McCabe *Little White Lies*. Osclaíodh é ar an 01 Samhain 2024, mar Imeacht Mórtas Áite Uile-Éireann á óstáil i Muineachán, i gcomhar le Comhairle Contae Mhuineacháin. *Lean Little White Lies* ar aghaidh an tseachtain dár gcionn agus bhí na seónna díolta amach agus bualadh bos mór.

Tá 160 ball d'Amharclann na nÓg lonnaithe in Amharclann Gharáiste anois agus cuireann sí ceardlanna seachtainiúla ar fáil do cheithre ghrúpa éagsúla de bhaill d'Amharclann na nÓg. I rith na laethanta saoire ag an gCáisc, an Samhradh agus Oíche Shamhna, bhí campaí drámaíochta lán.

Seachadann Amharclann Gharáiste seirbhís Ealaíon Ghairmiúil trí lá in aghaidh na seachtaine do Sheirbhísí Míchumais FSS freisin. Osclaíonn an Caifé in Amharclann Gharáiste gach lá chun tacú le riachtanais lónadóireachta Institiúid Mhuineacháin agus Choláiste Oiriail.

Críochnaíodh agus foilsíodh Plean Straitéiseach 3- bliana Amharclann Gharáiste 2024-2027 in 2024 agus tá sé ar fáil ar shuíomh gréasáin Amharclann Gharáiste <https://www.garagetheatre.com/>

Ina theannta sin, cuireadh an Amharclann, an Seomra Cleachtaidh agus an Stiúideo Ealaíne ar fáil go rialta le haghaidh comhdhálacha, ranganna ealaíne, ranganna damhsa agus cruinnithe in 2024.

Seirbhísí Óige

Sholáthair an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) méadú bonnlíne 2% do BOOCM don Deontas don Obair Óige ('Feidhm na hOibre Óige' roimhe seo) in 2024 agus méadú bonnlíne 2% do gach tionscadal a bhí á stiúradh ag baill foirne faoina Scéim UBU - Do Áit Do Spás agus faoi Scéim an Lárionaid Eolais don Ógra (LEÓ). I measc an mhaoinithe scéime eile a bhí á riar ag BOOCM bhí Leithdháileadh Scéim Deontais an Chlub Óige Áitiúil, Athléimneacht agus Éifeachtacht, Deontas Comhtháthaithe, agus Tionscnamh Spriocdhírithe Infhostaitheachta Óige. Tugadh tacaíocht d'eagraíochtaí seachtracha pobail agus óige chun páirt a ghlacadh agus maoiniú a fháil faoin gCiste Reach (ar a dtugtar go foirmiúil Scéim um Míbhuntáiste Oideachais a Mhaolú). Chuidigh an obair le grúpaí Óige agus Pobail ar fud an Chabháin agus Mhuineacháin deontais a fháil chun tacú leis na daoine óga sin ina n-ionaid atá 'deacair teagmháil a dhéanamh leo'imeallaithe' agus scartha ón gcóras oideachais'.

In 2024 cuireadh Tionscamh Phláinéad na nÓg i bhfeidhm go leanúnach, agus chuir Seirbhísí Óige Gníomhaíochtaí Ama Fóillíochta Phláinéad na nÓg i bhfeidhm ar fud an réigiúin le bunscoileanna, iar- bhunscoileanna agus Seirbhísí Óige. Cuireadh deiseanna Ama Fóillíochta ar fáil do dhaoine óga ina dtimpeallacht scoile lasmuigh d'uaireanta scoile, ag soláthar deiseanna samplacha do chách agus ag fáil réidh le bacainní ar a rannpháirtíocht i gcláir, mar shampla cúinsí iompair, táillí, costais éascaitheoirí, bia agus mar sin de. Fuarthas maoiniú go háitiúil ó Clár Éire na Sláinte an Chabháin agus Mhuineacháin, Cúram Sláinte, Comhpháirtíocht Spóirt, Coistí Seirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga an Chabháin agus Mhuineacháin.

Measúnú ar Rialachas agus ar Chomhlíonadh i Seirbhísí Óige

Chríochnaigh ceann de na heagraíochtaí náisiúnta a fuair maoiniú RLCMLÓ trí BOOCM ár Seicliosta um Rialachas agus Comhlíonadh Seirbhísí Óige in 2024. Cabhraíonn an cleachtadh seo le BOOCM a chinntiú go gcomhlíonann gach faighteoir deontais a n-oibleagáidí maoinithe chomh maith le bheith ag cloí leis an reachtaíocht ábhartha, ciorcláin, Cóid Rialachais agus an SLA atá sínithe le BOOCM.

Clár PEACEPLUS

Ba bhliain thar a bheith gnóthach í 2024 i bpleanáil agus i bhforbairt chláir SEUPB PEACEPLUS. Tá Seirbhísí Óige BOOCM páirteach mar 'Cheannaire/Chomhpháirtí' i dtrí Chlár PEACEPLUS – ceann amháin go díreach trí Ghlaonna Oscailte chuig SEUPB agus dhá cheann trí Chomhpháirtíochtaí Síochána Údaráis Áitiúil. In 2024 earcaíodh seachtar ball foirne óige tríd an gClár Aistear.

Tábla 11: Clár PEACEPLUS agus líon na foirne

Líon	Gníomh/Ainm an Tionscadail	Soláthar Foirne
1.	Roghanna malartacha	2 Bhall Foirne LA
2.	Roghanna	2 Bhall Foirne LA
3.	An clár 'Face Off'	2 Ball foirne 24 Uair
4.	Riarachán	Grád VI

Iniúchadh ar an tSeirbhís Óige

In 2024, rinne na hAII-BOO iniúchadh ar Sheirbhís Óige BOOCM. Rinneadh é seo chun na próisis agus na rialuithe seirbhísí a anailísiú agus a thástáil. Fuarthas tuairim leordhóthanach sa tuarascáil iniúchta agus tá moltaí a rinneadh á gcur i ngníomh.

Comhpháirtíocht Óige Ildánach Áitiúil

Is clár é an Chomhpháirtíocht Óige Ildánach Áitiúil (COIÁ) a thionscain Éire Ildánach agus is tionscnamh é atá faoi stiúir an rialtais agus atá dírithe ar chruthaitheacht agus rannpháirtíocht chultúrtha a chur chun cinn ar fud na hÉireann. Is é cuspóir COIÁ an Chabháin/Mhuineacháin cláir a chruthú a fhreagraíonn do riachtanais, do spéiseanna agus d'eispéiris daoine óga i suíomhanna 'lasmuigh den scoil', le fócas ar leith orthu siúd atá imeallaithe nó a bhfuil míbhuntáiste ag baint leo, chun tacú leo gníomhú mar ghníomhairí athraithe laistigh dá bpobail áitiúla. Tá daoine óga iad féin i gcroílár deiseanna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun dul i mbun gníomhaíochtaí cruthaitheacha atá gan teorainn - gach rud ó na healaíona traidisiúnta agus na hamharcealaíona go códú agus teicneolaíocht. Díríonn an spriocraon aoise do COIÁ an Chabháin/ Mhuineacháin ar dhaoine óga idir 0-24

bliana d'aois. San iomlán, bhí os cionn 50 tionscadal ar scála beag agus mór ar siúl sa Chabhán agus i Muineachán le linn 2024 agus bhí os cionn 2,000 leanbh, duine óg, caomhnóir agus ball teaghlaigh páirteach.

Tábla 12: Buaicphointí tionscadail LCYP Creative 2024

Tionscadal Vápála Bhéal Tairbirt	Lapadáin Cheolmhara
Tionscadal Pobail Bhéal Átha na nEach	Amharclann Fhóram LADT Gonzo
Tionscadal Iris Folláine Shláintiúil	Contúirtí Tik Tok - Grúpa Tusla/Foróige
Farois Sí	Tionscadal Fuála Bhéal Tairbirt
Páirtí Tae Mad Hatters	Comórtas Róbataic VEX
Tionscadal Adhmadóireachta Naomh Feilim	Merchants Quay Ireland de chuid an Chabháin
Grúpa Óige+ Fócas FRC	Ceardlanna do Chleachtóirí Óige agus do Chruthaitheoirí
Féile na nÓg	Comic Con Mhuineacháin

Tábla 13: Rannpháirtíocht chruthaitheach LCYP 2024

	Líon na Rannpháirtithe Páirteach	Líon na dTionscadal	Líon na dTaispeántas/Seónn a Taispeántais	Líon na nEalaíontóirí/nagCruthaitheoirí Páirteach
An Cabhán	472	35	8	19
Muineachán	292	16	5	12
Iomlán	764	51	14	31

Tábla 14: Glacadh le himeacht aon lae LCYP

	Rannpháirtithe Imeachtaí
Comic Con Mhuineacháin	900
Féile na nÓg	250
Comórtas Dathúcháin	120
Iomlán	1,270



Figiúr 23 Comic Mhuineacháin Con 2024



Figiúr 24 Múrmhaisiú péint spraeála



Figiúr 25 Tionscadal bosca snáithín Eir



Figiúr 26 Tionscadal Grianghrafadóireachta

Dofheicthe Bhaile Shéamaís Dhuibh Fíor



Figiúr 27 Tionscadal fuála Bhéal Tairbirt

Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh na dTamhnach.

Líon na gCuartheoirí

D'óstáil Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh na dTamhnach (IOOAT) 8,243 cuairteoir do Chláir agus do Sheirbhísí Allamuigh in 2024 agus ní raibh sé in ann freastal ar 9,000 cuairteoir lae le linn an bhuaicshéasúir toisc go raibh an acmhainn uasta bainte amach ag an Ionad.

Imeachtaí agus Gníomhaíochtaí

In éineacht le réimse na gClár Allamuigh a cuireadh ar fáil do scoileanna, coláistí, grúpaí óige agus clubanna spóirt, chuir an tIonad roinnt imeachtaí Gníomhaíochtaí Pobail Allamuigh ar fáil freisin i rith 2024 lena n-áirítear:

- Lapadáil Canú oidhreachta do bhaill Bhothán na mBan – maoinithe tríd an gclár Aois agus Deiseanna (a chuireann gníomhaíocht choirp chun cinn do dhaoine scothaosta).
- Clár campa samhraidh 7-seachtaine do pháistí 9-16 bliana d'aois.
- Campa Samhraidh Cuimsithe 3- lá (páirtmhaoinithe trí Chomhpháirtíocht Spóirt an Chabháin) i mí Lúnasa 2024.
- Tá roinnt imeachtaí [Her Outdoors](#) i mí Lúnasa 2024 in éineacht le Comhpháirtíochtaí Spóirt an Chabháin agus Mhuineacháin chun mná de gach aois a cheiliúradh agus a spreagadh chun taitneamh a bhaint as na buntáistí a bhaineann le bheith amuigh faoin aer.
- Conair rothar Oidhreachta Dhartraí do dhaoine breacaosta le bheith i gcomhthráth le seachtain Náisiúnta na Rothar i mí na Bealtaine 2024.

Forbairtí san Ionad

I measc na bhforbairtí tógála agus cothabhála a rinneadh in IOOA na dTamhnach in 2024 bhí:

- Uasghrádú iomlán ar an gcistin agus ar an seomra fónais rud a

fhágann go bhfuil na spásanna seo ag cloí go hiomlán le caighdeáin na cistine tráchtála.

- Sheol an tAire Heather Humphries rian Rothar Caidéil go hoifigiúil i mí Aibreáin 2024.
- Uasghrádú agus Cothabháil áiseanna le linn 2024.



Figiúr 28 An tAire Humphreys ag oscailt Rian Rothar Nua ag OETC Tamhnach

Trealamh uasghrádaithe

Lean an t-ionad ar aghaidh ag infheistiú i dtrealamh in 2024 chun feistis fhlíucha nua, céaslaí canú, clogaid canú, áiseanna buacachta agus uatj-lomaire a chur san áireamh.

Leathanbhanda

Chuir Leathanbhanda Náisiúnta Éireann nascacht mhear snáithín leis an ionad i mí Iúil 2024.

Creidiúnú Gormbhealaigh

Leanann an t-ionad ar aghaidh ag obair in éineacht le Comhairle Contae Mhuineacháin i dtreo dul chun cinn creidiúnú Gormbhealaigh do chóras abhann agus lochanna na Droime Móire.

Iniúchadh Fuinnimh

Críochnaíodh Iniúchadh Fuinnimh ar an Ionad.

Oiliúint Foirne

Lean an fhoireann ar aghaidh ag uas-sciliú i rith 2024 agus na nithe seo a leanas san áireamh:

- Traenáil maidir le hAnailís Guaise agus Pointí Rialúcháin Criticiúla (AGPRC) don Chistin foireann.
- Oiliúint scileanna Rothar Rianaithe Caidéil do Theagascóirí.
- Oiliúint Túr Dreapadóireachta do Theagascóirí Iontrála Nua.
- Oiliúint Bhithéagsúlachta do Theagascóirí.
- Scileanna boird Seas Suas Liáin do Theagascóirí iontrálaithe nua.



Figiúr 29 Campa Samhraidh 7 seachtaine do pháistí 7-16 mbliana d'aoi

7.4 Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta

Struchtúir agus Seirbhísí Eagraíochta

Tá BOOCM tiomanta do struchtúr eagrúcháin a chruthú a fheidhmíonn go héifeachtach agus go héifeachtúil i seachadadh a sheirbhísí ar fud chontaetha an Chabháin agus Mhuineacháin. Tá an fheidhm Riaracháin lárnach d'oibríochtaí BOOCM. Tá an Phríomh-Oifig lonnaithe i Sráid an Mhargaidh, Muineachán agus tá an Fo-Oifig i gCearnóg Radharc an Teampaill, An Cabhán. Seachadtar na feidhmeanna Riaracháin trí struchtúr ceithre cholún, ina gcuimsítear Acmhainní Daonna, Airgeadas, Seirbhísí Corparáideacha agus Maoin, Caipiteal agus Soláthar. Tá POC i gceannas ar gach Rannóg, a thuairiscíonn don Stiúrthóir Eagraíochta, Tacaíochta agus Forbartha (ETF).

Príomhfheidhmeannach

Stiúrthóir Tacaíocht agus Forbairt na hEagraíochta



Figiúr 30 Struchtur Eagraíochtúil Riaracháin BOOCM

Cuirtear obair na feidhme riaracháin i gcrích i ndlúthpháirt leis an Stiúrthóir Scoileanna agus leis an Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna.

Trí obair a chur i gcrích a bhaineann le ceithre sprioc, tá sé mar aidhm ag ETF luach breise a chur ar fáil do BOOCM trí bheartais fhónta agus chomhleanúnacha a fheabhsú, mar aon le córais agus próisis rannpháirtíochta a fheabhsú, a chinnteoidh go mbeidh an reachtaíocht á comhlíonadh ag BOO, go mbeidh baill foirne ar ardchaighdeán á mealladh agus a gcoimeád, agus go mbeidh barr feabhais rialachais á léiriú

Ráiteas Straitéise BOOCM 2022-2026

Ba í 2024 an tríú bliain a raibh Ráiteas Straitéise BOOCM 2022-2026 i bhfeidhm. Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise tosaíochtaí agus aidhmeanna BOOCM thar thréimhse cúig bliana agus tarraingítear aird uirthi i bhFís BOOCM:

Cumhachtú trí Fhoghlaim agus Dul Chun Cinn á Dhéanamh ag Gach Duine.

Tarraingítear aird sa Ráiteas Straitéise ar an ról suntasach a bhí ag BOOCM sa réigiún chomh fada is a bhain le tacú le gach páirtí leasmhar – idir fhoghlaimeoirí agus fhostóirí – chun freagairt do riachtanais oideachais agus oiliúna ár gceantair agus ár ngeilleagair áitiúil. Tá an Straitéis bunaithe ar cheithre phríomhspríoc straitéiseacha:

- Teagasc, Foghlaim agus Rannpháirtíocht
- Seirbhísí Ginearálta BOOCM
- Ár bhFoireann – Forbairt, Tacaíocht agus Folláine
- Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta

Feabhsóidh timthriall cúig bliana an Ráitis Straitéise seo an obair atá á déanamh ag BOOCM i ndáil le hoideachas agus oiliúint, le meithleacha atá á bhforbairt agus á gcur chun feidhme d'fhonn a chinntiú go bhfuil cuspóirí agus tosaíochtaí an Ráitis Straitéise á gcomhlíonadh.

Nuashonrú 2024

Cúis áthais do BOOCM tuairisciú faoi na héachtaí suntasacha a rinneadh le bliain anuas.

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag BOOCM maidir le plan a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do Dhualgas na hEarnála Poiblí, ag cinntiú go bhfuil ár n-eagraíocht ag cloí go hiomlán leis an gceanglas reachtaíochta tábhachtach seo.

Táimid ag leanúint ar aghaidh lenár slándáil TF a fheabhsú trí fhorbairt a dhéanamh ar an gCóras um Bainistiú Slándáil Faisnéise (CBSF) trí úsáid a bhaint as na

Caighdeáin Bhonnlíne, a bheith ag obair le BOOÉ agus le All-BOOnna agus lenár n-árachóirí IPB.

Lena chois sin, leanamar ar aghaidh lenár Seasamh Slándála, Pleananna Leanúnachais Ghnó agus acmhainní Athshlánaithe ó Thubaiste a neartú.

In ainneoin na ndúshlán sa gheilleagar domhanda, rinneadh dul chun cinn suntasach i dtreo chlár fairsing tógála BOOCM le linn 2024, mar a leagtar amach i gCaipiteal ar leathanach 57. Tá BOOCM ag leanúint ar aghaidh lena sheirbhísí a leathnú agus a fhorbairt trí sheirbhísí TF agus tionscadal tógála a chur ar fáil do scoileanna neamh-BOO.

Ar deireadh, chlúdaigh ár gclár FGL roinnt réimsí atá riachtanach do bhaill foirne agus don fhoireann bainistíochta, agus cinntíodh go raibh na scileanna agus an t-eolas riachtanach acu chun ár n-eagraíocht a chur chun cinn i dtimpeallacht ghnó atá ag athrú go tapa. Rolladh amach clár FGL do gach ball foirne riaracháin. Chlúdaigh na cláir FGL TFC raon modúl Microsoft agus cuireadh ar fáil ar líne iad, agus chabhraigh siad le BOO a chuspóir a bhain le hoiliúint a chomhlíonadh.

Comhlíonadh Corparáideach agus Rialachais

Is é an tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, an príomhphíosa reachtaíochta a bhfuil BOOnna a rialú aige. Ba cheart glacadh le hImlitir 0083/2024 na Roinne Oideachais, “An Cód Cleachtais do Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna”, ainneoin go leagtar amach ann treoirínte do chásanna áirithe, mar thacar caighdeán do bhaill agus do bhaill foirne an Bhoird go príomha. Bítear ag súil go gcinnteoidh baill agus baill foirne go bhfuil a ngníomhaíochtaí a bhaineann le BOOCM á rialú ag na caighdeáin seo i gcónaí, de réir na litreach agus an spioraid.

Nuair a cuireadh deireadh leis na Toghcháin Áitiúla i Ráithe 3 2024, bunaíodh Bord nua i mBOOCM. Cloífidh an Bord seo le hImlitir 0083/2024 agus leanfaidh BOOCM le hoiliúint agus tacaíocht rialachais a chur ar fáil do chomhaltaí an Bhoird nua. I Ráithe 4 2024 thug an Bord faoin bpróiseas Féinmheastóireachta, mar a éilítear

faoin gCód Cleachtais.

I Ráithe 1 2024, tionóladh cruinniú idir an Roinn Oideachais agus Ardbhainistíocht BOOCM chun an Comhaontú Maoirseachta, an Comhaontú Seachadta Feidhmíochta agus an Plean Seirbhíse Bliantúil a athbhreithniú. D'admhaigh an BOO buntáistí na gComhaontuithe, lena n-áirítear an ról i gcuidiú le Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) a shainaithint a chabhraigh le forbairt Phlean Seirbhíse, Tuarascáil Bhliantúil an BOO agus a bhí nasctha freisin leis an Ráiteas Straitéise. Dheimhnigh an Roinn leibhéal ard comhlíontachta i BOOCM maidir lena hoibleagáidí rialachais a chomhlíonadh i dtéarmaí spriocdhátaí reachtúla agus spriocdhátaí eile.

Iniúchadh ar Chomhlíonadh leis an gCód Cleachtais do Rialachas BOOnna

D'eisigh an Roinn Oideachais an Cód Cleachtais nua um Rialachas BOO (Imlitir 0083/2024) i mí na Samhna 2024. Déanann BOOCM féin-athbhreithniú iniúcháireachta ar chomhlíonadh an Chóid, ag baint úsáide as uirlis a forbraíodh i gcomhar le CPÉ.

Bainistíocht Riosca

Déanann an Bord maoirseacht ghníomhach ar bhainistíocht riosca agus deimhníonn sé go bhfuil measúnú déanta aige ar na príomhrioscaí, na bearta maolaithe gaolmhara agus go bhfuil athbhreithniú déanta aige ar éifeachtacht na mbeart seo in 2024. Bainistíonn an Bord riosca don eagraíocht trí chlár bainistíochta riosca struchtúrtha. Cabhraíonn an Coiste Iniúchta agus Riosca leis an mBord lena fheidhm bainistíocht riosca. Chomh maith leis sin, braitheann an Bord ar an Aonad Iniúchta Inmheánaigh (AI) agus ar na tuarascálacha a chuireann sé i dtoll a chéile agus ar aon Iniúchadh seachtrach dá leithéid cosúil le hiniúchadh CSTE agus/nó ar Iniúchadh á dhéanamh ag na Coimisinéirí Ioncaim. Lena chois sin, déantar athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha ar bhonn bliantúil.

Is mír sheasta ag gach cruinniú Boird í Bainistíocht Riosca agus cuimsítear sa bhreithniú a dhéantar:

- Tuarascálacha rioscaí ón bhfoireann bainistíocht shinsearach lena n-áirítear an Príomhoifigeach Riosca (POR)
- Tuarascálacha an Choiste Iniúchta agus Riosca
- Athruithe ar rátálacha riosca
- Clár Iniúchta

Thug BOOCM faoi roinnt gníomhaíochtaí in 2024 chun tacú le bainistíocht riosca fiontair agus chun dea-rialachas a thaispeáint. Is é an bonn fianaise atá mar bhonn agus taca don obair seo ná reachtaíocht a bhaineann le BOOCM agus leis an gCód Cleachtais chun Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú (An Roinn Oideachais, Imlitir 0083/2024). Cuireadh an t-aschur seo a leanas i gcrích i rith na bliana:

- 1 Athbhreithniú agus nuashonrú ráithiúil ar an gClár Rioscaí Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta.
- 2 Athbhreithniú agus nuashonrú ráithiúil ar an gClár Rioscaí Breisoideachais agus Oiliúna.
- 3 Athbhreithniú agus nuashonrú ráithiúil ar an gClár Rioscaí Scoileanna.
- 4 Athbhreithniú ráithiúil ar an bhFoireann Ardbhainistíochta/Clár Rioscaí Corparáideach a thaifeadann agus a bhreithníonn rioscaí ardleibhéil

Bhí an bhéim á leagan ar na príomhrioscaí a shainaithint a d'fhéadfadh cosc a chur ar sheachadadh Ráiteas Straitéise BOOCM 2022-2026. Cuireadh na príomhrioscaí seo i láthair an Choiste Iniúchta agus Riosca agus leanadh ar aghaidh leis an obair a bhain leis na rioscaí sainaitheanta a bhainistiú, riosca a laghdú agus réimsí riosca nua a shainaithint.

Saoráil Faisnéise

D'fhoilsigh BOOCM a Scéim Foilseacháin um Shaoráil Faisnéise, chun Alt 8 d'An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014, a chomhlíonadh Tá an Scéim Foilseacháin le fáil ag www.cmetb.ie agus tá cóip chrua ar fáil ar iarratas ón gCeannoifig. Liostaítear sa

Scéim Foilseacháin faisnéis faoi sheirbhísí BOOCM, agus tugtar aird ar phrionsabail na hoscailteachta, na trédhearcachta agus an cuntasachta mar atá leagtha amach in Alt 8(5) agus in Alt 11(3) den Acht. Déantar an scéim a nuashonrú agus eolas breise a chur léi ar bhonn rialta.

In 2024, fuair BOOCM ocht (8) n-iarratas ar fhaisnéis faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. As na hiarratais sin, bhain dhá cheann déag le hiarratas ar eolas neamhphearsanta a rinne iriseoirí, baill de ghrúpaí sainleasa agus baill den phobal. Ba iad na cineálacha faisnéise neamhphearsanta a iarradh ná faisnéis faoi phróisis tairisceana agus soláthair, iarratais phleanála, agus taifid ar chaiteachas airgeadais agus ráitis. Foilsítear achoimre ar na hiarratais a fuarthas (Loga Nochta) ar shuíomh gréasáin BOOCM mar chuid den Scéim Foilseacháin um Shaoráil Faisnéise.

Cosaint Sonraí

Tá Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) an AE i bhfeidhm ón 25 Bealtaine 2018. Tá beartais agus nósanna imeachta bunaithe ag BOOCM a bhfuil RGCS á chomhlíonadh acu. Déantar athbhreithniú ar na beartais agus ar na nósanna imeachta seo go rialta. I rith 2024, leanadh ar aghaidh ag forbairt comhaontuithe próiseála sonraí agus comhroinnte sonraí le tríú páirtithe, lena n-áirítear Comhlachtaí Seirbhíse Poiblí eile. Lean an tOifigeach um Chosaint Sonraí (OCS) le tacaíocht a chur ar fáil don fhoireann bainistíochta agus do bhaill foirne i ndáil lena bhfreagrachtaí faoi RGCS.

Leanadh ar aghaidh leis an gclár Ríomhfhoghlama um Fheasacht RGCS do bhaill foirne a rolladh amach do gach ball foirne RGCS. Dhírigh na hionaid riaracháin ar íoslaghdú sonraí agus bhí ról ríthábhachtach ag forbairt SharePoint EFT sa chomhthéacs seo.

In 2024, fógraíodh ceithre (4) shárú ar shonraí don OCS BOOCM. Measadh gur sárú ísealriosca a bhí i gceist chomh fada is a bhain leis na daoine is ábhar do na sonraí, bhain a bhformhór le hearráidí cléireachais ba chúis le smacht ar shonraí pearsanta a chailleadh. Chomh fada is a bhain le dhá shárú sonraí, measadh go raibh sé

riachtanach tuarascáil a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chosaint Sonraí. Bainistíodh gach sárú laistigh de reachtaíocht RGCS agus cuireadh gníomh ceartaitheach chun feidhme.

Treoirlínte Bonneagair

Athdhearbhaíonn BOOCM a thiomantas do chomhlíonadh gach ceanglas a bhaineann le gnéithe ábhartha de na Treoirlínte Bonneagair, ar a dtugtaí an Cód Caiteachais Phoiblí roimhe seo, agus dearbhaíonn sé, tar éis athbhreithniú a dhéanamh air, go bhfuil BOOCM sásta gur chloígh an Bord leis na gnéithe ábhartha de na Treoirlínte in 2024.

Cúrsaí oiliúna agus tacaíocht leanúnach don Bhord Oideachais agus

Oiliúna, do Choistí agus do Bhoird Bhainistíochta

I rith 2024 lean foireann riaracháin BOOCM ag tabhairt tacaíochta don BOO agus dá choistí, lena n-áirítear Boird Bhainistíochta.

Chuir BOOÉ sraith oiliúna rialachais ar fáil agus leanfaidh BOOCM ar aghaidh ag cur oiliúna agus tacaíochta ar fáil don Bhord agus do na Coistí. In 2024, d'eagraigh BOOÉ sceideal céimnithe de sheisiúin Oiliúna Rialachais leis an bhForas Riaracháin, arna mhaoiniú ag an RO. Bhí Céim 1 do Bhaill an Bhoird ar siúl i mí Dheireadh Fómhair 2024. Tá céimeanna 2 agus 3 sceidealaithe do 2025.

Ina theannta sin, socróidh BOOCM oiliúint leis an bhForas Riaracháin do na Coistí Iniúchta agus Riosca agus Airgeadais in 2025. Tá roinn Seirbhísí Corparáideacha BOOCM ag leanúint ar aghaidh ag tacú leis an mBord agus le coistí trí thacaíocht riaracháin a chur ar fáil do chruinnithe agus tá sí ag tacú le Boird Bhainistíochta trí threoir a thabhairt maidir le conas cláir oibre a ullmhú, miontuairiscí a ghlacadh agus a thaifeadadh.

Soláthar Foirne

Is fostóir suntasach é BOOCM sa réigiún - tá thart ar 1,162 ball foirne lánaimseartha agus 644 ball foirne páirtaimseartha fostaithe aige. I rith 2024, chinntigh athshannadh ball foirne, ar bhonn sealadach agus buan, i réimsí ríthábhachtacha,

gur leanadh ar aghaidh le príomhsheirbhísí a chur ar fáil.

Earcaíocht

Déanann BOOCM iarracht na baill foirne is fearr agus is féidir a earcú agus a choimeád. Is ar bhonn inniúlachta a dhéantar formhór na n-agallamh earcaíochta níos mó, agus tá na cúrsaí oiliúna riachtanacha déanta ag baill an Bhoird Roghnúcháin chun cur ar a gcumas agallaimh ar bhonn inniúlachta a dhéanamh.

Cuireadh córas nua eRecruitment i bhfeidhm i Ráithe 1 2024 agus úsáideadh go rathúil é le linn phróiseas earcaíochta an tsamhraidh. Faoi dheireadh 2024, cuireadh an córas i bhfeidhm go hiomlán do gach post ar fud an BOO.

Tá físeán a chuireann chun cinn é ar shuíomh gréasáin BOOCM a chuireann BOOanna i gcoitinne chun cinn www.cmetb.ie. Chomh maith leis sin, tá fógraíocht spriocdhírthe eagraithe anois lena n-áirítear fógraíocht íoctha ar na meáin shóisialta, atá dírithe ar limistéir gheografacha agus ar dhéimeagrafaic chun cabhrú le múinteoirí a earcú, chun daoine a spreagadh chun cuairt a thabhairt ar shuíomh gréasáin BOOCM, chun tacú le poist a fhógraítear ar an suíomh gréasáin 'etbjobs.ie' agus 'careers.cmetb.ie' agus a chuirtear chun cinn trí bhealaí meán sóisialta BOOCM. Tá na tacair scileanna riachtanacha sainaitheanta chun barr feabhais eagraíochta a sheachadadh agus chun acmhainn a fheabhsú chun freastal go cuí ar dhúshláin nua agus ar dhúshláin atá ag forbairt.

In 2024, reáchtáladh agallaimh ar líne trí úsáid a bhaint as Microsoft TEAMS agus tugadh cuireadh do dhaoine freastal ar agallaimh nuair a bhí sé sin oiriúnach don ról. D'fhreastail Baill an Bhoird Roghnúcháin ar na cúrsaí oiliúna riachtanacha agus cuireadh cúnamh ar fáil do na hagallaithe chun a chinntiú gur éirigh go breá leis na hagallaimh.

Freastalaíonn baill foirne AD ar an bhFóram Náisiúnta agus leanann siad ar aghaidh le húsáid a bhaint as seirbhísí IBEC más mian leo comhairle a fháil faoi shaincheistean AD agus CT. Leanann na baill foirne nua ar fad ar aghaidh ag freastal ar chúrsaí ionductaithe maidir le beartais agus nósanna imeachta BOOCM.

Oiliúint

Chuir BOOCM na cúrsaí oiliúna seo a leanas ar fáil don fhoireann riaracháin i rith 2024:

- Feasacht Cibearshlándála lena n-áirítear Feasacht Fioscaireachta
- Cúrsaí Oiliúna TF a chlúdaigh raon modúl Microsoft.
- Oiliúint Aoisliúntais (SPSPS) d'fhoireann pinsean BOOCM
- Scileanna Glasa - Fuinneamh & Laghdaigh d'Úsáid
- Modúil Foghlama DCM lena n-áirítear:
 - Crios Bán Lean
 - Mná sa Cheannaireacht - Tóir na Ceannaireachta
 - Scríobh Gnó/Ríomhphoist
 - Tuarascálacha agus Tuilleadh
 - Bainistiú/Iar-Chomhghleacaí a Bhainistiú
 - Briseadh Droch-Nósanna - Conas athruithe buana a dhéanamh
 - Próisis Earcaíochta Saor ó Chlaontacht
 - Curadh Meabhairshláinte
- Oiliúint maidir le córas na Seirbhíse Comhroinnte Airgeadais lena n-áirítear tuairisciú Power BI agus P2P seachadta ag SCGO
- Oiliúint um Chomhionannas agus Éagsúlacht
- Oiliúint maidir le Saoráil Faisnéise (SF) do Chinnteoirí
- An Cód Caiteachais Phoiblí
- Oiliúint BOOÉ, lena n-áirítear
 - Ceardlann ISMS
 - Oiliúint do Dhuine Teagmhála
 - Oiliúint um Chosc & Réiteach Bulaíochta, Díl Fostaíochta
 - Oiliúint Rialachais
- Oiliúint do Mhaoir Dhóiteáin
- Siompóisiam Printíseach na Seirbhíse Poiblí
- Ceardlann ar líne um Fheasacht ar Inrochtaineacht ÚNM
- NALA - Cultúr Gnáth-Bhéarla a threorú i d'Eagraíocht
- Oiliúint Feasachta ar Threalamh Scáileáin Taispeána (TST)
- Lárionad Uathachais an Bhaile Láir - Uathachas agus Cumarsáid

- Oiliúint SEAI lena n-áirítear Méadrú Fuinnimh, Tomhas agus Fíorú agus Deontais
- Soláthar Poiblí Glas

TFC

In 2024, lean BOOCM leis an tionscadal i dtreo straitéis scamall ar dtús, ag feabhsú staidiúir slándála i dtéarmaí ár bPlean Leanúnachais Gnó (PLG), cásanna Téarnaimh Tubaiste agus ár réitigh chúltaca.

Úsáideann BOOCM Microsoft TEAMS ar uirlis chomhoibrithe í lena gcumasaítear 'baill foirne do bhaill foirne' agus 'baill foirne do mhic léinn' agus 'eagraíocht do chomhoibriú seachtrach'. Is uirlis chumarsáide an-chumhachtach í seo agus leanadh ar aghaidh á húsáid i 2024 ar fud Scéim BOOCM. Leanfaimid orainn ag baint úsáide as an ardán seo go slán chun go leanfar leis an tseirbhís a choinneáil sna Scoileanna, sna hIonaid BO agus sna hOifigí Riaracháin, rud a bhí ríthábhachtach.

Tá slándáil chun tosaigh anois inár gcinnteoireacht maidir le seachadadh TFC. In 2024 leanamar orainn ag cinntiú go raibh ár n-eastát oiriúnach don fheidhm ag baint úsáide as iarratais agus próisis láidre a mholtar sa mhargadh chun a leochaileachtaí féideartha a thástáil. I measc na meicníochtaí sin bhí tástáil treá, deimhniú árachais do Chibear-bhunriachtanais agus feasacht foirne agus oiliúint chibearshlándála ar bhonn leanúnach. Lean BOOCM ar aghaidh ag úsáid SOC/SIEM le haghaidh monatóireachta 24/7 ar ár n-eastát agus ar ár EDL gearáilte (Liosta Dinimiciúil Seachtrach) chun aird a tharraingt ar sheoltaí IP mailíseach agus ardriosca aitheanta. Tá aonfhoirmeacht de chineál ag BOOCM i dtéarmaí ár mBonneagair Balla Dóiteáin agus ar an gcaoi sin forchostais riaracháin a íoslaghdú. Tá seachadadh na straitéise TFC bunaithe ar ár mbonneagar TFC atá slán agus iontaofa, bonneagar atá in ann éifeachtúlachtaí riaracháin a sholáthar chomh maith. Chun tábhacht na slándála agus inscálaitheacht ár mbonneagair amach anseo a éascú táimid ag úsáid scamall chun tacú lenár n-eastát Office 365. Tá an t-ardán seo atá bunaithe ar Microsoft ag tacú lenár bhfeidhmchláir atá criticiúil ó thaobh gnó de. Tá foireann chriticiúil nuashonraithe againn le Ceadúnú A5.

Déanaimid ár ndícheall timpeallacht shlán a chruthú a uasmhéadaíonn na buntáistí a bhaineann le IS Giniúnach (GenAI) do BOOCM, ag cinntiú go n-úsáidfear feidhmchláir GenAI shábháilte, chaighdeánacha tionscail. Tá BOOCM tiomanta don teicneolaíocht seo atá ag fás go tapa a úsáid chun an t-eispéireas foghlama a shaibhriú.

In 2024, lean BOOCM ar aghaidh ag cur Tionscadal an Chórais Bainistíochta Slándála Faisnéise (ISMS) chun cinn, mar ullmhúchán chun Caighdeán Bhunlíne Chibearshlándála a bhaint amach san earnáil.

Tá BOOCM i mbun aistrithe chuig VOIP, ag giaráil ardán TEAMS don teileafón, le plean le rolladh amach céimneach ar fud scoileanna agus ionad. Tugann sé seo é féin dár seasamh cibearshlándála agus déanann sé muid a ailíniú lenár riachtanais BCP.

Tacaíonn roinn TFC BOOCM le breis is 1,800 ball foirne faoi láthair agus le thart ar 14,700 mac léinn agus foghlaimeoir fásta go laethúil ar fud ár scoileanna agus ár n-ionad oideachais go léir i réigiún an Chabháin agus Mhuineacháin. Cuireann CMETB tacaíocht ar fáil freisin do na hiarratais agus na córais éagsúla a theastaíonn ó úsáideoirí chun a gcuid oibre a dhéanamh.

Leanann BOOCM ar aghaidh ag cur úsáid TF chun cinn i ngach scoil, agus ceannairí digiteacha i bhfeidhm. Tá ár scoileanna ag tosú freisin ar na buntáistí agus na himpleachtaí a bhaineann le IS san oideachas a fhiosrú.

Ar cheann de na príomhthosaíochtaí a bhí ag na pleananna scoile, bhí feabhas a chur ar an mbonneagar líonra laistigh den scoil agus go háirithe ar Wi-Fi na scoile. Lean sé seo ar aghaidh in 2024 agus rollfaidh sé ar aghaidh go 2025 de réir mar a oibríonn foireann TFC BOOCM chun Wi-Fi uile na scoile a uasghrádú. Faoi láthair tá os cionn 550 Pointí Rochtana Gan Sreang á mbainistiú ar fud na n-ionad go léir. Rinneadh infheistíocht eile i bhfeistí múinteoirí soghluaiste a chinntíonn go bhfuil an-chumas ag foireann BOOCM glacadh le teicneolaíochtaí nua laistigh den oideachas.

Gach bliain tá dul chun cinn leanúnach déanta ag BOOCM ar uasghrádú ardán Windows 10 go dtí an leagan is déanaí le haistriú bainistithe go dtí an leagan is déanaí de Windows túsaithe chun slándáil agus cobhsaíocht a chinntiú ar eastát na gcliant amach anseo

Tá bainistiú gléasanna móibíleacha Microsoft Intune curtha i bhfeidhm ag BOOCM. Is feidhmchlár bainistíochta soghluaisteachta fiontair (EMM) é Intune a chuirfidh ar chumas BOOCM a chuid sonraí corparáideacha a chosaint ar gach gléas soghluaiste lena n-áirítear ríomhairí glúine, táibléad agus fóin phóca. Mar chuid den tsraith Intune, tá BOOCM tar éis polasaithe Bainistíochta Feidhmchláir Soghluaiste (MAM) a ghairiú agus a rolladh amach do gach ball foirne agus mac léinn BOOCM. Cosnaíonn polasaithe Intune MAM Oifig BOOCM.

Tá BOOCM tiomanta d'athnuachan a dhéanamh ar dheimhniú Cyber Essentials (CE) go bliantúil. Is scéim deimhnithe cibearshlándála é Cyber Essentials (CE) a thairgeann bunús fónta de rialuithe bunúsacha slándála TF ar féidir le gach cineál eagraíochta a chur i bhfeidhm agus a d'fhéadfadh tógáil orthu. Ghnóthaigh BOOCM deimhniú in 2024.

Mar gheall ar an tábhacht a bhaineann le cibearfheasacht in 2024, thug BOOCM faoi oiliúint cibearfheasachta don fhoireann go léir. Beidh seo ina próiseas leanúnach. Leagann sé seo béim ar thábhacht na slándála agus a bainistíochta leanúnaí, mar ghné ríthábhachtach de TFC. D'fhorbair an fhoireann TFC Plean Cibearfhreagartha i gcomhar leis an bhfoireann Comhlíonta, bunaithe ar na Caighdeáin Bhunlíne.

Ráitis Airgeadais 2024

Tá an Bord freagrach as an tuarascáil bhliantúil agus as na ráitis airgeadais a ullmhú agus, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil don Bhord, breithníonn sé go dtugtar léargas cuí sna ráitis airgeadais ar ioncam agus ar chaiteachas an BOO agus ar staid ghnóthaí an BOO. Tá Ráitis Airgeadais Bhliantúla BOOCM don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 faoi réir iniúchta atá le déanamh ag Oifig an Ard-

Reachtair Cuntas agus Ciste (A&CC). I ndiaidh do A&CC an t-íniúchadh a shíniú, foilseoidh BOOCM na ráitis airgeadais iniúchta.

Caipiteal

Cuimsítear i gclár foirgneamh scoile BOOCM raon leathan de thionscadail mhóra agus de thionscadail bheaga. Bliain thar a bheith gnóthach ab ea 2024 agus chuir an RO agus an RBATNE roinnt tionscadal chun cinn agus cuireadh trí mhórtionscadal tógála ar an láthair agus trí aonad modúlach ar fáil freisin.

Tá cóiríocht iar-bhunscoile ag méadú i gcónaí laistigh de BOOCM agus thug 2024 tuilleadh forálacha cóiríochta modúlacha agus sealadacha a osclaíodh i gColáiste Inbhir, i gColáiste Achadh an Lúir agus i gColáiste Naomh Maodhóg.

Tá dul chun cinn á dhéanamh maidir le mórtionscadail tógála a ceadaíodh sna blianta roimhe seo. Tugadh cead pleanála do Choláiste Ard Feá, Coláiste Bhaile na Lorgan, Coláiste Dhún an Rí agus Coláiste Achadh an Lúir in 2024. Lóisteáladh cead pleanála Choláiste Inbhir, agus cuireadh dearadh mionsonraithe Choláiste Breifne faoi bhráid na RO lena cheadú dul ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile.

Maidir le seacht dtionscadal scoile neamh-BOO a bhfuil BOOCM ag cabhrú leo, bhí trí cinn acu sin á dtógáil le linn 2024. Tá dhá cheann de na scoileanna sin le críochnú in 2025 agus ceann amháin in 2026. Tá na scoileanna eile ag céim an deartha agus tá sé beartaithe cead pleanála a thabhairt do dhá cheann de na scoileanna sin ar a laghad le linn 2025.

Tá BOOCM ag díriú ar neart miontionscadal tógála eile ina scoileanna a dhéanamh agus a chur i gcrích in 2024, agus tá a bhformhór maoinithe ag Scéim Deontais na nOibreacha Éigeandála, Scéim Deontais na nOibreacha Samhraidh nó an Scéim Deontais Caipitil Spóirt.



Figiúr 31 Conradh sínithe do scoil nua Ghaelscoil Lorgan i mBaile na Lorgan

Ó thaobh BO de, chuir BOOCM na tionscadail seo a leanas chun cinn le linn 2024:

- Aonad suntasach printíseachta (dhá cheardlann leictreacha agus ceardlann OEM amháin san áireamh) ag Baile an Mhuilinn, Muineachán.
- Osclaíodh aonad sealadach eile in Institiúid Mhuineacháin le haghaidh cúrsa oiliúna i dTeicneolaíochtaí Tógála In-athnuaite.
- Cistin ghairmiúil nua críochnaithe ag TOETC.
- Lasc-chlár nua suiteáilte ar Champas BO, An Cabhán.
- Lean sé leis an Réamhchás Gnó a chur chun cinn don Cholaíste Breisoideachais agus Oiliúna don Todhchaí atá beartaithe agus tar éis próiseas láidir meastóireachta, fuair sé faomhadh chun bogadh go dtí an chéim réamhthairisceana forbartha - Straitéis um Dhearadh, Pleanáil agus Soláthar Tionscadail.

Tá an Córas Bainistíochta Sócmhainní nua, atá beo ó Mheán Fómhair 2020 chun faisnéis a sholáthar maidir le gach sócmhainn BOOCM agus chun tuairisciú a dhéanamh ag leibhéal Ceannoifige, ag obair go maith agus ag soláthar rialuithe níos fearr maidir le coimeád sábháilte sócmhainní.

Leanann an fhoireann laistigh den Roinn Caipitil orthu ag uas-sciliú iad féin trí fhórais oiliúna, seimineáir ghréasáin éagsúla agus trí theagmháil a dhéanamh le BOOanna eile chun eolas a roinnt agus comhoibriú a chur chun cinn chun a chinntiú go mbaintear éifeachtúlachtaí amach ar fud na roinne.

Leanaimid orainn ag seachadadh na dtionscadal éagsúla agus ag an am céanna ag cur croíphrionsabail na dTreoirínte Bonneagair i bhfeidhm chun a chinntiú go mbaintear amach luach ar airgead aon uair a bhíonn airgead poiblí á chaitheamh. Tá raon beartas agus nósanna imeachta maidir le soláthar agus treoirínte RO i bhfeidhm agus táimid sásta gur éirigh linn cloí le gnéithe ábhartha na dtreoirínte.

Gníomhú ar son na hAeráide

Leanann BOOCM ar aghaidh ag cur chun cinn comhlíonadh an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 (CAP24) lena n-áirítear:

- Astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le fuinneamh a laghdú 51% in 2030.
- Éifeachtúlacht fuinnimh san earnáil phoiblí a fheabhsú 50% faoi 2030.

In 2024, rinne BOOCM athnuachan ar ár gcomhpháirtíocht le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) agus lean sé ag obair leo agus le BOOÉ ag léiriú ár dtiomantas oibriú chun ár n-oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh agus na spriocanna seo a bhaint amach. Lean Oifigeach Foirne Sinsearach sannta BOOCM (Oifigeach Fuinnimh) le maoirseacht a dhéanamh ar an réimise a bhaineann le Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht. Leanann Seaimpín Inbhuanaitheachta um Ghníomhú ar son na hAeráide agus na hInbhuanaitheachta/Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh BOOCM de Shainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur i bhfeidhm agus tuairisc a thabhairt air thar ceann na heagraíochta.

In 2024, thugamar faoi na nithe seo a leanas:

- dhá iniúchadh fuinnimh bhreise inár n-ionaid de réir Ionstraim Reachtúil Uimh. 426/2014 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Éifeachtúlacht Fuinnimh), 2014.
- plean Stoic Foirgníochta BOOCM agus Clár na bhFoirgneamh a chur faoi bhráid SEAI.
- treochlár Gníomhaithe ar son na hAeráide na hEarnála Poiblí BOOCM 2024 a nuashonrú.
- cuireadh sonraí M&T (Monatóireacht agus Tuairisciú) BOOCM faoi bhráid

SEAI agus críochnaíodh an chéad Ráiteas maidir le Comhlíonadh Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023.

- Ghlac BOOCM páirt i bhFeachtas [Laghdaigh d'Úsáid](#) DECCanna a thosaigh i Ráithe 4 2024 agus a bhí ar siúl go dtí deireadh R1 2025, Clár Tóg Amháin BOOCM (Lá Bealtaine – Méadar an Mhóinéir), agus ár Lá Glas BOOCM bliantúil.
- Bunaíodh Foirne Glasa i ngach Scoil agus Ionad ar fud BOOCM, agus rinneadh cuairteanna láithreáin thar 2024.
- athbhreithníodh gníomhaíochtaí páipéir-bhunaithe agus iad á ndigitiú nuair is féidir.
- leanadh ag bogadh ar aghaidh chuig páipéar athchúrsáilte a úsáid inár Scoileanna agus Ionaid agus chun páipéar athchúrsáilte a fháil mar réamhshocrú.
- cuireadh Soláthar Poiblí Glas (SPG) i bhfeidhm, de réir Threoir Soláthair Phoiblí Ghlais an EPA inár mBeartas agus inár ndoiciméid Soláthair.

Tugadh maoiniú €435,000 do BOOCM faoi Leithdháileadh Caipitil Déabhlóidithe Glas don Bhreiseoideachas ón RBATNE agus Solas. Forbraíodh an deontas chun tacú le bearta laghdaithe fuinnimh agus astaíochtaí a chur i bhfeidhm agus chun laghdú ar an lorg carbóin a bhaint amach i gcomhréir le Sainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide.

I Ráithe 4 2024, chuir Scoileanna BOOCM tús lena mBeartas Inbhuanaitheachta maidir le hOideachas ar mhaithe le Forbairt Inbhuanaithe Scoileanna a fhorbairt de réir riachtanais na hEarnála Scoileanna maidir le Gníomhú ar son na hAeráide.

Ceadaíodh ocht scoil BOOCM faoi Chlár Fótvoltach Scoileanna na RO a raibh sé mar aidhm aige cabhrú le scoileanna a gcostais fuinnimh agus a lorg carbóin a laghdú mar chuid de fhreagairt na hearnála scoileanna ar spriocanna aeráide 2030 agus 2050 a bhaint amach.

Beidh Coláiste Breifne sa Chabhán mar chuid den chéad chohórt scoileanna go náisiúnta a thairgeann Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe don bhliain acadúil 2025/26. Cuirfidh an t-ábhar nua mic léinn ag plé le saincheisteanna inbhuanaitheachta amhail an ghéarchéim aeráide, ag forbairt cumas na mac léinn do ghníomhú eolasach agus fiúntach.

Fuair dhá cheann de Scoileanna BOOCM a mBrat Glas faoi Ghlas An Taisce - Tionscnamh na Scoile: Coláiste Naomh Bricín agus Coláiste Dhún an Rí.

Féach Cuid 9 do Thuarascáil Bhliantúil BOOCM ar Fheidhmíocht Fuinnimh na hEarnála Poiblí.

Sláinte agus Sábháilteacht

In 2024, lean BOOCM ag tacú le scoileanna agus le hionaid chun a Ráitis Sábháilteachta agus a Measúnuithe Riosca a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Cuireadh uirlisí oiliúna breise ar fáil do scoileanna agus d'ionaid chun cáilíocht agus cruinneas a measúnuithe riosca a fheabhsú, lena n-áirítear oiliúint Feasachta Measúnaithe Riosca don fhoireann.

Rinne IPB suirbhéanna árachais ar thrí scoil BOOCM in 2024 agus ó na cuairteanna sin d'eisigh siad clár feabhsaithe riosca. Rinneadh athbhreithniú ar na príomhthéamaí a leagtar amach sna tuarascálacha seo agus roinneadh iad le gach scoil agus ionad.

In 2024, lean BOOCM le seirbhísí gníomhaireachta seachtraí a fhostú chun cabhrú le hathbhreithniú ar bheartais, nósanna imeachta agus doiciméadú Sláinte agus Sábháilteachta BOOCM. Chruthaigh agus chuir Comhordaitheoir Sláinte agus Sábháilteachta BOOCM agus comhairleoir seachtrach sceideal le haghaidh athbhreithnithe neamhfhoirmiúla i bhfeidhm. Áiríodh ar an sceideal seo athbhreithnithe Sláinte agus Sábháilteachta ar sheacht scoil agus ionad BOOCM. Ní hamháin gur chuidigh na hathbhreithnithe seo le scoileanna agus le hionaid a nósanna imeachta Sláinte agus Sábháilteachta a athbhreithniú, a bheachtú agus a

fhorbairt ach lean siad orthu ag cur le Córas Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta BOOCM.

Rolladh amach na cúrsaí oiliúna sláinte agus sábháilteachta seo a leanas do bhail foirne ainmnithe i scoileanna agus in ionaid i rith 2024:

- Oiliúint Freagróra Garchabhrach (PHECC FAR, CFR agus Garchabhair Bhunúsach)
- Oiliúint do Mhaoir Dhóiteáin
- Oiliúint ar Láimhsiú Sábháilte
- Oiliúint faoi Dhaoine a Bhogadh agus a Láimhsiú
- Pacáiste oiliúna saincheaptha d'Fheighlithe agus do Ghlantóirí
- Oiliúint Feasachta ar Mheasúnú Riosca

Clár Réadmhaoine

Tá gá le hathbheithniú ar an gClár Réadmhaoine in 2025 agus leanfaidh BOOCM de bheith ag plé le DCS agus le Fóram Talún agus Foirgneamh BOOÉ, d'fhoill gnéithe tuairiscithe an chórais a fheabhsú.

Soláthar

D'úsáid Roinn Soláthair BOOCM samhail soláthair náisiúnta OSR agus a creataí, sa chás go raibh a leithéid ar fáil agus oiriúnach, i ndáil le caiteachas 'soláthair' a scoileanna agus ionaid ar fad in 2024. Lena chois sin, bhunaigh an roinn Soláthair na conarthaí seo a leanas trí chomórtais r-thairisceana:

- Ábhair Ranga Miotalóireachta agus Innealtóireachta a Sholáthar do Bhord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin.
- Creat-Chomhaontú Ilpháirtí a bhunú chun Tomhaltáin Gruagaireachta agus Bearbóireachta a Sholáthar do Bhord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin.
- Soláthar, Seachadadh, Suiteáil agus Coimisiúnú ar Throscán Scaoilte chuig Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin.
- Trealamh Ealaíne agus Ceardaíochta a Sholáthar do Bhord Oideachais

agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin.

- Gníomhaireacht Earcaíochta a Sholáthar chun Seirbhísí Foirne agus Earcaíochta Téarma Seasta agus Gníomhaireachta Sealadaí a Sholáthar do Bhord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin.
 - Creat-Chomhaontú Páirtí Aonair a bhunú chun Seirbhísí Rialaithe Lotnaidí a Sholáthar.
 - Creat-Chomhaontú Ilsholáthraithe maidir le Leabhair Foghlaimeoirí agus Páipéir Scrúdaithe a Sholáthar.
 - Líne Táirgthe agus Róbait Thionsclaíocha lena n-áirítear Dearadh, Soláthar, Seachadadh, Suiteáil, agus Coimisiúnú do BOOCM.
 - Conradh Lamhálaíocht do Sheirbhísí Lónadóireachta ag Institiúid an Chabháin do Bhord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin.
- Soláthar Seirbhísí Lónadóireachta Lamhálaíocht do Champas BO Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin.

Pleanáil Soláthair Chorporáidigh

D'oibrigh BOOCM le hAonad Athchóirithe Soláthair na hEarnála Poiblí (AAEP) in BOOÉ agus sa tSeirbhís Soláthair Oideachais agus chuir sé Plean Soláthair Chorporáidigh (PSC) i gcrích ina leagtar amach na ceanglais soláthair a bheidh ag an mBord amach anseo. Tríd an bPlean Soláthair Ilbhliantúil 3 bliana (PSIB) shainaithníomar ár bpríomhthosaíochtaí soláthair i gcomhair 2025. Leanfaimid ar aghaidh le hathbhreithniú a dhéanamh ar PSC gach bliain agus díreoimid ar na soláthairtí atá sainaitheanta mar sholáthairtí riachtanacha go háirithe sna réimsí a bhaineann le caiteachas comhiomlán sa chás nach bhfuil aon chreat/aon chonradh náisiúnta, earnálach nó eile bunaithe.



Karen McBride, Stiúrthóir Tacaíocht agus Forbairt na hEagraíochta

8 Tuarascáil ar Bhliain a Trí de Ráiteas Straitéise BOOCM 2022- 2026

Tá sonraí maidir le gníomhartha ábhartha, táscairí feidhmíochta chun Spriocanna agus Tosaíochtaí BOOCM a chomhlíonadh atá sainaitheanta i Ráiteas Straitéise 2022-2026 agus tuarascáil maidir leis an dul chun cinn atá déanta i ndáil leis na spriocanna seo sonraithe thíos. Lena chois sin, faoi théarmaí an Chomhaontaithe Seachadta Feidhmíochta (CSF) idir an Roinn Oideachais (RO) agus BOOCM, sainaithníodh roinnt spriocanna agus tosaíochtaí sonracha. Seo a leanas na gníomhartha tosaíochta a bhaineann le gnóthachtáil na dtosaíochtaí seo, mar aon leis na táscairí feidhmíochta gaolmhara agus na spriocanna atá le seachadadh:

Spriocanna Straitéiseacha BOOCM			
Teagasc, Foghlaim agus Rannpháirtíocht			
Sprioc: Tacú le teagasc, foghlaim, folláine, rannpháirtíocht agus dul chun cinn ar ardchaighdeán i dtimpeallacht ionchuimsitheachta, fhoghlaimeoiríarnach.			
Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn in 2024
1. Tabhairt faoi athbhreithniú ar dheiseanna curaclaim/foghlama BOOCM chun cláir agus straitéisí nuálacha a shainaithint a bhféadfaí tairbhe a bhaint astu – agus béim ar leith a leagan ar ábhair ETIM.	- An tairiscint curaclaim i ngach scoil a athbhreithniú. - Bearnaí a d'fhéadfadh a bheith sa soláthar/réimsí a d'fhéadfaí a fhorbairt a shainaithint.	- Athbhreithniú ar an gcuraclaim a chur i gcrích. - Bearnaí sainaitheanta agus réitigh molta.	- Cuireadh tús le FGL na Sraithe Sinsearaí do gach Scoil. - Pleanáil Curaclaim i bhfeidhm i ngach Scoil. - Tá tús curtha ag múinteoirí i dTráinse 1 d'athchóiriú ábhair na hArdteistiméireachta le FGL. - Ábhar nua Ardteistiméireachta á reáchtáil ar bhonn píolótach i scoil amháin, agus Matamaitic Fheidhmeach á haithint mar bhearna sa soláthar. - Rinneadh athbhreithniú ar thorthaí i ngach réimse ábhair i ngach scoil le gach scoil chun aghaidh a thabhairt ar aon bhearnaí sa ghnóthachtáil.
2. Samhail Choláiste na Todhchaí BO a bhunú in BOOCM, chun tacú le soláthar comhdhlúite agus comhtháite, deiseanna foghlama solúbtha, conairí rochtana agus tacaíochtaí seasta d'fhoghlaimeoirí.	- Plean gníomhaíochta a fhorbairt do Choláiste na Todhchaí BO in BOOCM. - Obair a dhéanamh chun acmhainní a fháil don phlean seo agus chun é a chur chun feidhme.	Plean forbartha agus rannpháirtíocht dhearfach déanta i ndáil le ceanglais acmhainní ghaolmhara.	Cuireadh athbhrandáil ar sos chun tús áite a thabhairt d'aighneacht mhórchaipitil chun Coláiste nua na Todhchaí BO a fhorbairt sa Chabhán.

Teagasc, Foghlaim agus Rannpháirtíocht			
Sprioc: Tacú le teagasc, foghlaim, folláine, rannpháirtíocht agus dul chun cinn ar ardchaighdeán i dtimpeallacht ionchuimsitheachta, fhoghlaimeoiríárnach.			
Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn in 2024
3. Riachtanais a aithint atá riachtanach chun freastal ar riachtanais tacaíochta chomhtháite/éagsúla na bhfoghlaimeoirí ²⁵ , oibriú chun acmhainní riachtanacha a fháil agus meicníochtaí éifeachtacha a fhorbairt chun na tacaíochtaí foghlaimeora seo a sholáthar.	- Ról Oifigeach Tacaíochta Foghlaimeoirí le bunú. - Grúpa Oibre Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí le bunú. - Oibriú chun córas láraithe tacaíochta d'fhoghlaimeoirí a fhorbairt a chuirfidh ar chumas foghlaimeoirí BO rochtain a fháil ar an trealamh agus ar an gcúnamh a theastaíonn uathu chun tabhairt faoina gclár staidéir agus é a chur i gcrích.	Córas Lárnaithe Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí a fhorbairt agus a oibriú ar fud Seirbhísí BO.	Lean Seirbhís Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí ag fás - áiríodh ar thionscnaimh nua comhairleoireacht ar an láthair i suíomhanna Iar-Ardteistiméireachta, clár Meantóireachta in Ógtheagmháil, próiseas measúnaithe ar riachtanais Foghlaimeoirí ar fud na seirbhíse a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
4. Leanúint ar aghaidh ag tairiscint foghlaim ionchuimsitheach agus ag leathnú soláthar spriocdhíríthe agus ag saibhriú an eispéiris/na hoideolaíochta dóibh siúd a bhfuil sainriachtanais foghlama, fhisiciúla agus mhothúchána acu.	- Mapáil soláthair Riachtanais Oideachais Speisialta a chur i gcrích i ndá Scoil BOOCM. - Forbairt Ghairmiúil Leanúnach do gach Scoil i mapáil soláthair. - Líonra tacaíochta ar líne de Mhúinteoirí Riachtanais Oideachais Speisialta a bhunú. - Soláthar Ranganna ASD i Scoileanna BOOCM a leathnú. - Foirgnimh agus áiseanna feabhsaithe a sholáthar do ranganna ASD.	- Mapaí soláthair tosaigh comhlánaithe. - FGL críochnaithe. - Líonra RSO seolta agus bunaithe. - Ranganna ASD a leathnú i Scoileanna BOOCM. - Áiseanna breise i Scoileanna BOOCM.	- Ranganna Speisialta breise a oscailt de réir mar is gá. - Glacadh le pátrúnacht ar Scoil Speisialta nua i gCo. Mhuineacháin. - Ghlac sé scoil BOOCM páirt i dtionscadal píolótach NCSE ar fhoirne iompair dearfacha, agus bhunaigh formhór na scoileanna rannpháirteacha na foirne seo. - Chuir CMETB FGL ar fáil do scoileanna i d'Tacaíocht a thabhairt do Dhaoine faoi Thrioblóid trí Chur Chuige Íseal-Dhúisithe' i gcomhpháirtíocht le hIonad Oideachais Mhuineacháin. - Comhoibriú leis an NCSE agus CPI chun cláir um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach scoile do scoileanna BOOCM a éascú ar threoirínte na RO chun iompraíochtaí ar údar imní iad a bhainistiú.

²⁵ Síceolaíocht, folláine, gairmthreoir, míchumas, Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO), neamhord ar speictream an uathachais (ASD), agus mar sin de

Teagasc, Foghlaim agus Rannpháirtíocht			
Sprioc: Tacú le teagasc, foghlaim, folláine, rannpháirtíocht agus dul chun cinn ar ardchaighdeán i dtimpeallacht ionchuimsitheachta, fhoghlaimeoiríarnach.			
Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn in 2024
5. Cuir chuige chomhtháite a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun sásraí guthanna mac léinn agus tuismitheoirí inár scoileanna agus ionaid a fheabhsú, agus a chinntiú ag an am céanna go gcuirtear athbhreithnithe tréimhsiúla i gcrích chun éifeachtacht a bharrfheabhsú.	- Athbhreithniú a dhéanamh ar thionscnaimh agus ar chleachtais a bhaineann le guth mac léinn i Scoileanna BOOCM - FGL do Bhaill Foirne maidir le guth mac léinn a chumhachtú - Forbairt leanúnach Thionscnaimh Ghuth Foghlaimeoirí BO, lena n-áirítear: - Suirbhé bliantúil ar fhoghlaimeoirí a dhéanamh. - Óstáil fóram foghlaimeora bliantúil. - Líonra Comhairleach d'Fhoghlaimeoirí (LCF) a bhunú le ceithre chruinniú in aghaidh na bliana. - Rannpháirtíocht thrialach foghlaimeoirí ar struchtúir rialachais. - Úsáid a bhaint as ionchuir an LCF i ngníomhaíochtaí féinmheastóireachta, monatóireachta agus athbhreithnithe. - Clár ceannaireachta a éascú do bhaill an LCF chun cabhrú leo le habhcóideacht foghlaimeoirí.	- Meitheal chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhea-chleachtais maidir le guth na mac léinn. - LCF bunaithe agus ag feidhmiú go héifeachtach. - Foghlaimeoirí cumasaithe agus cuidithe chun abhcóideacht a dhéanamh.	- Bhain scoileanna leas as Forbairt Ghairmiúil Leanúnach maidir le guth scoláirí a bhailiú i ndáil le foghlaim dhigiteach, agus ghlac go leor acu páirt sa Phróiseas SELFIE. Chuir scoileanna na sonraí seo isteach ina bpleananna foghlama digiteacha agus fuair siad aiseolas ón bPríomhoifig. - Sonraí Planet Youth comhtháite in aiseolas mac léinn a chuireann eolas ar idirghabhálacha scoile BOO agus san BOO níos leithne. - Suirbhé Foghlaimeoirí BO 2024/25 scaipeadh ar gach foghlaimeoir BO i mí na Samhna 2024 agus dúnadh é ag deireadh mhí Eanáir 2025. Fuarthas 1,198 freagra san iomlán. Léargas ar thorthaí an tsuirbhé le cur i láthair fhoireann BO ag Cruinniú Faisnéise i mí an Mhárta 2025. - Bunaithe ar rath an Fhórait Foghlaimeoirí sainiúil Ógtheagmhála in 2023, reáchtáladh fórait ag leibhéal ionad aonair do gach seirbhís BO ar fud R1, 2024. Críochnaíodh an próiseas seo nuair a d'óstáil BOOCM ceann d'imeachtaí Fóram Náisiúnta Foghlaimeoirí AONTAS i mí an Mhárta 2024. - In ionad Líonra Comhairleach d'Fhoghlaimeoirí (LAN) a thionól in 2024, chuaigh BOOCM i dteagmháil le hAONTAS maidir le Comhairle Foghlaimeoirí BOOCM a bhunú agus táthar ag súil go seolfar í i Ráithe 4, 2025. - Chun Lá Idirnáisiúnta na Mac Léinn a bheidh ar siúl ar an 17 Samhain gach bliain a chomóradh, d'óstáil BOOCM a chéad Seachtain Ghuth na bhFoghlaimeoirí ón 11-15 2024. Samhain 2024. Le linn na seachtaine seo thug foireann QAES cuairt ar ionaid éagsúla BO agus chuaigh siad i dteagmháil go díreach le foghlaimeoirí trí chomhráite neamhfhoirmiúla agus suirbhé gearr maidir le folláine. Chríochnaigh 226 foghlaimeoir an suirbhé san iomlán. Foilseofar tuarascáil anailíse cúig bliana i R1, 2025.

Teagasc, Foghlaim agus Rannpháirtíocht			
Sprioc: Tacú le teagasc, foghlaim, folláine, rannpháirtíocht agus dul chun cinn ar ardchaighdeán i dtimpeallacht ionchuimsitheachta, fhoghlaimeoirilárnach.			
Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn in 2024
6. Tionscnaimh a fhorbairt agus a chur chun cinn chun tacú le deiseanna/conairí malartacha d'fhoghlaimeoirí atá ag díriú ar agus ag críochnú an Timthrialla Shóisearaigh, agus béim ar leith a leagan orthu siúd atá faoi mhíbhuntáiste agus/nó i mbaol chomh fada is a bhaineann le cúrsaí / le cláir a chríochnú.	- Scrúdú a dhéanamh ar Chlár IB malartach i Scoil BOOCM. - Cúrsaí samhraidh a chur ar fáil do mhic léinn atá ag déileáil le míbhuntáiste. - Seachadadh agus forbairt leantach an Chláir Foghlama Malartaí (CFM). - Obair a dhéanamh chun an Clár Infhostaitheachta a fhorbairt.	- Clár nua Idirbhliana deartha agus faofa. - Seoladh cúrsa samhraidh le cohórt tosaigh na mac léinn. - CFM ag feidhmiú go héifeachtach. - An clár infhostaitheachta forbartha.	- Córas cumarsáide feabhsaithe a bhunú chun foghlaimeoirí a nascadh le roghanna cuí laistigh agus lasmuigh de Scoileanna. - Eolaire/Bileoga ESL seolta agus Roghanna ESL uaslódáilte chuig Láithreán Gréasáin BOOCM faoi Sheirbhísí Óige. - D'éirigh leis an Aip 'Connecting You' a nuashonrú agus a athsheoladh i ngach Scoil BOOCM. - Thug baill den ghrúpa ESL cur i láthair ag imeacht Ceannaireachta Foghlama Meánleibhéil i mí an Mhárta 2024. D'fhreastail foirne Ardbhainistíochta agus comhairleoirí treorach ó gach scoil ar Ócáid ESL a bhí an-rathúil ar siúl i gColáiste Ard Feá le príomhchainteoirí ó eagraíochtaí éagsúla laistigh den réigiún. - Trí mheitheal Luathfhágálaithe Scoile, reáchtáladh seisiún eolais maidir le conairí oideachais malartacha do gach scoil, agus scaipeadh acmhainn ghrafach ina dtugtar breac-chuntas ar roghanna do scoláirí agus do thuismitheoirí. - Oibreacha an Ghrúpa Luathfhágálaithe Scoile ar siúl i gcónaí. Imeacht líonraithe agus faisnéise ar siúl do pháirtithe leasmhara. - Maoiniú suntasach PEACE daingnithe chun cláir CFM A sheachadadh ar feadh ceithre bliana.

Teagasc, Foghlaim agus Rannpháirtíocht

Sprioc: Tacú le teagasc, foghlaim, folláine, rannpháirtíocht agus dul chun cinn ar ardchaighdeán i dtimpeallacht ionchuimsitheachta, fhoghlaimeoirí.

Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn in 2024
7. Leanúint ar aghaidh leis an raon clár atá ar fáil d'fhágáilthe scoile, cuardaitheoirí poist, daoine atá ag filleadh ar chúrsaí oideachais, fostóirí agus daoine fostaithe a fheabhsú agus a fhorbairt.	- Leanúint ar aghaidh le rannpháirtíocht tionscail a fhorbairt agus a leathnú agus le Cúrsaí Oiliúna, agus le cláir Scileanna atá le Forbairt agus Scileanna don Obair a chur ar fáil. - Raon solúbtha de chlár uasoiliúna a thairiscint chun cur ar chumas fostaithe dul chun cinn gairme a dhéanamh. - Leathnú na gClár Tráthnóna sa Cabhán agus i Muineachán. - Soláthar measctha a thairiscint (i ndiaidh COVID-19), is é sin, seachadadh cumaisc/ar líne/seomra ranga chun freastal ar fhoghlaimeoirí. - Forbairt/tabhair rochtain ar raon clár malartach/breise agus roghanna deimhnithe. - Printíseachtaí Ceardaíochta breise a fhorbairt in BOOCM. - Oibriú agus leathnú leanúnach ar Phrintíseachtaí i ndiaidh 2016.	- Leibhéil agus raon méadaithe de sholáthar sa dá chontae. - Níos mó rannpháirtíochta leis an tionscal. - Beartas agus nósanna imeachta foghlama cumaisc a fhorbairt (i ndiaidh COVID-19). - Líon na bprintíseachtaí a thairgfídh BOOCM a fhorbairt.	- Aonad Printíseachta nua críochnaithe ag Baile an Mhuilinn, Muineachán. - Forbraíodh áis nua Oiliúna Painéal na Gréine, agus cuireadh tús leis an gcúrsa in Institiúid Mhuineacháin. - Tháinig méadú ar raon na gclár trí fhorbairt nua clár agus bailíochtú difreálach. - Rinneadh dhá phróiseas Léiriú Spéise a bhí ag lorg áiseanna praiticiúla oiliúna i Muineachán.

Teagasc, Foghlaim agus Rannpháirtíocht			
Sprioc: Tacú le teagasc, foghlaim, folláine, rannpháirtíocht agus dul chun cinn ar ardchaighdeán i dtimpeallacht ionchuimsitheachta, fhoghlaimeoirí.			
Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn in 2024
8. Tairiscint BOOCM laistigh de réigiún a mhéadú chun Scoileanna Náisiúnta Pobail (SNP) a chur san áireamh de réir riachtanas áitiúil sainaitheanta agus ceanglas déimeagrafach.	Scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le SNP amháin i gCo. An Chabháin agus i gCo. Mhuineacháin.	Athbhreithniú déanta ar fhéidearthacht agus gníomh déanta bunaithe ar mholtaí.	- Leanadh ar aghaidh ag ardú feasachta ar Scoileanna Náisiúnta Pobail ag leibhéal an Bhoird. - Tá pátrúnacht bronnata ar BOOCM do Phobalscoil Speisialta Mhuineacháin.
9. Féiniúlacht agus éiteas scoileanna BOOCM a fhorbairt i gcomhar le BOOÉ, chun forbairt Creat Pátrúin maidir le cur i bhfeidhm curaclaim a ionchorprú.	- Clár Forbartha Éiteas i Scoil BOOCM amháin. - FGL i bhForbairt Éiteas do gach Ceannaire Scoile BOOCM. - Éiteas BOO a mhúscailt le Foireann agus Bord BOOCM.	- Clár curtha i gcrích i scoil amháin. - FGL seachadta.	- Éiteas BOO leabaithe agus ceiliúrtha i ngach ceann de na 11 scoil. - Reáchtáladh imeacht BOOCM le tinreamh ó na 11 scoil ar fad ar Lá Éiteas i mí an Mhárta 2024. - D'fhreastail gach scoil BOOCM ar an Siompóisiam Éiteas. - Thug ceannairí Éitis na scoileanna cur i láthair ar Éiteas i láthair Bhord Bainistíochta (BB) gach scoile. - IMBVE ag rith i dtrí scoil faoi láthair.
10. Freagairtí comhtháite/éifeachtacha a shainaithint agus a chur chun feidhme chun tacú le folláine mac léinn agus ball foirne go ginearálta, agus mar fhreagairt do dhúshláin a bhaineann leis an bpaindéim.	- Athbhreithniú ar an gclár Folláine i Scoileanna BOOCM. - Straitéisí agus tionscnaimh ábhartha a shainaithint chun folláine mac léinn agus ball foirne a fheabhsú - Tús a chur le tionscnaimh a chur chun feidhme.	- Athbhreithniú críochnaithe ag Meitheal. - Straitéisí agus tacaíocht curtha chun feidhme.	- Fuair agus rinne gach scoil anailís ar a gcuid sonraí Planet Youth trí chruinnithe le Stiúrthóir na Scoileanna. Rinneadh na sonraí seo a chomhtháthú i bpleanáil fhoriomlán scoile agus i leithdháileadh acmhainní chun aghaidh a thabhairt ar spriocanna scoile. - Chuaigh scoileanna BOOCM i mbun treoirthionscadail le Oide chun iniúchadh a dhéanamh ar úsáid IS chun tacú le múinteoirí i gcur chuige difreála d'fhoghlaimeoirí. - Cuireann BOOCM beagnach 100 gníomhaíocht óige ar fáil ar fud an dá chontae.

Teagasc, Foghlaim agus Rannpháirtíocht			
Sprioc: Tacú le teagasc, foghlaim, folláine, rannpháirtíocht agus dul chun cinn ar ardchaighdeán i dtimpeallacht ionchuimsitheachta, fhoghlaimeoirlárnach.			
Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn in 2024
11. A chinntiú go gcloítear le dualgas comhionannais agus chearta an duine na hearnála poiblí chomh fada is a bhaineann le pleanáil, forbairt agus athbhreithniú ar na tionscnaimh atá leagtha amach faoin sprioc straitéiseach seo.	Nuair a bhíonn cláir agus tionscnaimh á bpleanáil agus á gcur chun feidhme, déanfar breithniú ar chomhionannas, ionchuimsiú agus éagsúlacht.	Comhionannas rochtana ar raon clár agus gníomhaíochtaí ionchuimsitheac ha oideachais agus oiliúna.	Cuireadh Dualgas na hEarnála Poiblí i bhfeidhm ar fud 2024 le forbairt agus cur i bhfeidhm Phlean Gníomhaíochta Dualgais na hEarnála Poiblí. Cuireadh Dualgas na hEarnála Poiblí san áireamh i gcur i bhfeidhm beartas, prótacal agus clár.

Spriocanna Sainaitheanta sa Chomhaontú Seachadta Feidhmíochta

Eispéireas an Mhic Léinn/an Fhoghlaimora a Bharrfheabhsú

Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn in 2024
1. Eispéireas foghlama dearfach a chur ar fáil do gach foghlaimoir, lena n-áirítear foghlaimoirí ó ghrúpaí imeallaithe.	- Tús a chur leis an gClár Foghlama Malartaí (CFM) dóibh siúd atá faoi 16 bhliain d'aois nach bhfuil ag freastal ar an scoil nó atá eisiata ón scoil. - Soláthar leanúnach de raon leathan clár ag leibhéal 1-6, agus tacaíochtaí gaolmhara, chun rannpháirtíocht foghlaimoirí, gach aois agus cumas, a éascú. - Cláir a sholáthar ar líne i gcás nach bhfuil sé indéanta duine le duine. Gach rogha a scrúdú agus a úsáid chun tacú le foghlaimoirí imeallaithe páirt a ghlacadh i gclánfhoghlaim. - Cláir curtha ar fáil ar bhonn lánaimseartha agus páirtaimseartha sa dá chontae agus le roinnt liúntas/tacaíochtaí do thaisteal/do bhéilí/do chúram leanaí.	- Seirbhís CFM bunaithe ag dhá shuíomh. - Raon leathan clár BO tairgthe agus soláthartha. - Rolluithe méadaithe agus leibhéil mhaithe choinneála. - Córas Tacaíochta d'Fhoghlaimoirí Lárnach forbartha.	- Tá Clár CFM faoi lán seoil sa dá chontae. - Baineadh spriocanna an Chomhaontaithe um Fheidhmíocht Straitéiseach amach. Bhí laghdú éigin ar líon na bhfoghlaimoirí mar gheall ar mhaoiniú laghdaithe in 2024 agus bhí gá le roinnt clár oideachais aosaigh a chur ar ceal i Ráithe 3/4. - Beartas agus Nósanna Imeachta um Fhoghlaim Chumaisc agus Micricháilíochtaí (MQanna) forbartha agus curtha faoi bhráid QQI le haghaidh ceadaithe. Éascóidh sé seo cláir a sheachadadh trí Fhoghlaim Chumaisc agus, ar an gcaoi sin, méadóidh sé roghanna foghlama solúbtha. - Chríochnaigh 29 dalta Polainnis chumaisc na hArdteistiméireachta in 2024, le torthaí iontacha.

Spriocanna Sainitheanta sa Chomhaontú Seachadta Feidhmíochta

Eispéireas an Mhic Léinn/an Fhoghlaimoira a Bharrfheabhsú

Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn in 2024
2. Tacú le mic léinn/le foghlaimoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais de réir an bheartais náisiúnta reatha.	- Rannpháirtíocht le Coláiste Mhuire Gan Smál chun córas a fhorbairt chun soláthar do mhic léinn ROS a mhapáil agus a mhonatóiriú. - Pleanáil a dhéanamh le haghaidh agus ranganna NSU a oscailt más cuí. - Tacú go leanúnach le foghlaimoirí chun rochtain a fháil ar chúrsaí, cúrsaí a chríochnú agus leanúint ar aghaidh le cúrsaí i ndiaidh Chláir BO a dhéanamh. - Obair a dhéanamh chun raon tacaíochtaí a sholáthar chun folláine foghlaimoirí a fheabhsú agus chun a gcumas oiriúna agus rannpháirtíochta i ndiaidh COVID-19 a fheabhsú. - Sainaithint leanúnach bearnaí/riachtanas agus forbairt tionscnamh chun déileáil leis seo.	- Faoi threoir Meithle, tionscadal píolótach bunaithe ar choincheap amháin a bhunú i scoil amháin agus cúrsaí oiliúna tosaigh a chur ar fáil do scoileanna eile. - Buaileann an Stiúrthóir Scoileanna agus Príomhoidí le ERSOnna agus tagann siad ar chomhaontú maidir le straitéisí. - Osclaítear ranganna nua NSU, de réir mar is gá. - Cothabháil agus forbairt clár agus liúntais agus tacaíochtaí eile a chur ar fáil. - An ceathrú bliain den chlár Rochtana CIA a chur i gcrích d'fhoghlaimoirí Ógtheagmhála chun tacú lena ndul chun cinn agus chun é a éascú, agus chun deis a thabhairt don chúigiú cohórt tús a chur leis an gclár. - LCF a bhunú. - Córas Tacaíochta d'Fhoghlaimoirí do gach Seirbhís agus Ionad a bhunú.	- Bailiú sonraí mapála a chur ar fáil i ngach scoil. - Tacaíocht FGL curtha ar fáil do gach scoil. - Ceapadh duine ceannais mapála soláthair i ngach scoil. - Fóram bunaithe do mhúinteoirí ceannais SENCO agus NSU, lena n-áirítear do dheiseanna FGL cuí. - Rinneadh meastóireacht ar TRSO. - Leathnaíodh an chomhairleoireacht ar an láthair. - Lean an cúrsa Rochtana CIA do Ógtheagmháil ar aghaidh. - Leathnaíodh an tSeirbhís Tacaíochta d'Fhoghlaimoirí le 145 atreorú in 2024 (98 in 2023). - Reáchtáladh 15 ghníomhaíocht forbartha gairmiúla in 2024 agus d'fhreastail 646 duine ar an iomlán orthu. - Seimineáir Ghréasáin Chomhaltaí DCM arna rochtain ag 218 ball foirne ar fud na heagraíochta.

Spriocanna Sainaitheanta sa Chomhaontú Seachadta Feidhmíochta

Eispéireas an Mhic Léinn/an Fhoghlaimoira a Bharrfheabhsú

Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn in 2024
2. Tacú le mic léinn/le foghlaimoirí atá i mbaoil míbhuntáiste oideachais de réir an bheartais náisiúnta reatha.	- Leathnú leanúnach ar sholáthar tráthnóna chun tacú leo siúd atá i bhfostaíocht agus as fostaíocht rochtain a fháil ar oiliúint dheimhnithe ar chostas íseal/gan chostas. - Foráil a leathnú agus rolluithe méadaithe.	Foráil mhéadaithe agus rolluithe méadaithe.	- Méadú ar an réimse tacaíochtaí atá ar fáil d'fhoghlaimoirí. - Méadú ar líon na dtacaíochtaí dá dtagraítear agus a fhaigheann siad - 145 in 2024. - Rannpháirtíocht mhéadaithe ag leibhéal an Ionaid le Seaimpíní Folláine agus Measúnóirí Cóiríochta Réasúnta, atá i bhfeidhm ar fud Cláir BO a sheachadtar in iliomad áiteanna ar fud an dá chontae chun rannpháirtíocht a éascú. - Plé agus Comhaontuithe Cur in lúl forbartha le hArdoideachas a chuirfidh ar chumas foghlaimoirí tabhairt faoi chláir chéime go háitiúil.
2. Tacú le mic léinn/le foghlaimoirí atá i mbaoil míbhuntáiste oideachais de réir an bheartais náisiúnta reatha.	- Soláthar leanúnach agus comhordaithe tacaíochtaí d'fhoghlaimoirí sa soláthar BO trí chéile. - Tionscnaimh a fhorbairt faoin gCiste REACH (an Ciste um Míbhuntáiste Oideachasúil a Mhaolú roimhe seo), faoi réir infhaighteacht maoinithe.	- Oifigeach Tacaíochta Foghlama ceaptha go déanach in 2021 – tháinig tuilleadh forbartha ar sheirbhís in 2024 agus tá sí fós ar siúl. - Leanúint ar aghaidh ag tógáil ar an tionscnamh seo in 2024 trí réimse tionscadal pobalbhunaithe.	Ciste Reach leithdháilte agus tionscnaimh tacaithe, lena n-áirítear meantóireacht agus comhairleoireacht. Níl an Ciste Cúnamh d'Fhoghlaimoirí indéanta a thuilleadh, de réir Threoirlínte athbhreithnithe REACH 2024.

Spriocanna Sainaitheanta sa Chomhaontú Seachadta Feidhmíochta

Eispéireas an Mhic Léinn/an Fhoghlaimeora a Bharrfheabhsú

Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn in 2024
3. A chinntiú go bhfuil na nósanna imeachta um chosaint leanaí ar fad i bhfeidhm de réir na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023).	- Nósanna imeachta agus próisis riachtanacha bunaithe agus ag cloí leo i Scoileanna, Ionaid Ógtheagmhála, Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh na dTamhnach (IOOA), Amharclann Gharáiste, Seirbhísí don Óige agus Seirbhísí BO - Tá gach TA agus LTA chun tairbhe a bhaint as FGL agus as tacaíocht chuí.	- Leanúint de bhearta cosanta a chomhlíonadh. - Spotseiceálacha chun a chinntiú go bhfuil FGL curtha i gcrích ag gach TA agus LTA.	- Leanadh ar aghaidh le prótacail um chomhlíonadh agus um chosaint i rith 2024. - Rinne gach scoil athbhreithniú ar nósanna imeachta um chosaint leanaí. Roinneadh foghlaim ó na cigireachtaí cosanta i measc Ceannairí Scoile.
3. Comhlíonadh iomlán le Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna a chinntiú (athbhreithnithe 2023).	- Cuireadh CSÚ ar fáil ag gach cruinniú BB. Déanann Boird Bhainistíochta athbhreithniú bliantúil ar Chumhdach Leanaí. - Tacaíocht thiomnaithe ar fáil ón Stiúrthóir Scoileanna agus ón Oifigeach um Chomhlíonadh.	- Miontuairiscí na mBord Bainistíochta athbhreithnithe ag Stiúrthóir Scoileanna - Bhí na tuarascálacha Cigireachta dearfach - Faigheann BOOCM fógra foirmiúil maidir leis an athbhreithniú bliantúil.	- Bord Bainistíochta nua bunaithe i ngach scoil, tar éis bunú Bhord nua BOOCM i R4 2024. - Cuireadh tacaíocht ar fáil do gach Bord nua i dtéarmaí FGL do Chathaoirligh, Rúnaithe agus Cosaint Leanaí. - Stiúrthóirí ar fáil do Bhoird chun tacú le saincheisteanna agus beartais dhúshlánacha.

Spriocanna Sainaitheanta sa Chomhaontú Seachadta Feidhmíochta

Eispéireas an Mhic Léinn/an Fhoghlaimeora a Bharrfheabhsú

Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn in 2024
4. Cabhrú leis an Roinn Oideachais, de réir mar is gá, chun freastal ar riachtanais a eascraíonn as Clár Cosaint na hÉireann do Dhídeanaithe agus foráil a dhéanamh d'iarrthóirí ar chosaint idirnáisiúnta.	Rannpháirtíocht in agus freagairt do Chláir Chosanta Dídeanaithe do An Cabhán agus Muineachán.	- Socrúchán oiriúnach mac léinn i scoileanna agus in ionaid. - Rannpháirtíocht éifeachtach ag grúpaí Siriacha sa Chabhán agus i Muineachán le seirbhísí BO BOOCM.	- Comhtháthaíonn leathnú rathúil an chláir REALT leanaí IPAS go hiomlán anois. - Tá an RO ag nuashonrú ArcGIS chun eolas cothrom le dáta a sholáthar maidir le háiteanna scoile atá ar fáil. - Bíonn cumarsáid rialta ann le CCLD, le Comhairle Contae Mhuineacháin, le Tusla, agus le gníomhaireachtaí ábhartha maidir le teaghlaigh a athlonnú chuig an gCabhán agus chuig Muineachán. - Déantar iarrachtaí teaghlaigh a nascadh le seirbhísí cuí chun a gcomhtháthú réidh sa phobal a éascú. - Cuirtear cúnamh ar fáil do theaghlaigh a bhfuil iarratais iompair agus obair leantach acu le Bus Éireann. - Méadú leanúnach ar phobail nua a chláraíonn i gcláir ESOL/BO. - Leibhéil 1 & 2 de chláir ESOL scríofa agus bailíochtaithe go rathúil - roinnte le 15 BOO eile. - Tionscadal forbartha agus ceadaithe chun modúil ESOL a bhaineann go sonrach leis an earnáil a scríobh agus cuireadh tús leis i R3 2024. - Oibriú leis an earnáil agus le Solas i dtreo caighdeánú foriomlán a dhéanamh ar sholáthar ESOL. - Aighneacht chostais ullmhaithe do Solas maidir le modúil ESOL Leibhéil 3 & 4 a fhorbairt. - Oibriú le Solas agus leis an earnáil chun athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar foriomlán ESOL agus oibriú i dtreo níos mó caighdeánuithe.

Spriocanna Straitéiseacha BOOCM

Seirbhísí Ginearálta BOOCM

Sprioc: Oibriú i gcomhpháirt chun seirbhísí a fheabhsú agus a fhorbairt tuilleadh, seirbhísí a fhreagraíonn ar bhealach ionchuimsitheach do riachtanais ár bpobail

Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn in 2024
1. Tionscadal reatha Ghlúin an Cheoil a athbhreithniú, a phleanáil agus a fhorbairt chun oideachas ceoil taibhithe a chur ar fáil do dhaoine óga sa suíomh luathbhlianta agus go dtí go mbíonn siad 18 mbliana d'aois.	- Ghlúin an Cheoil a leathnú agus a chur ar fáil do dhaoine atá idir 12 agus 18 mbliana d'aois. - Na cláir luathbhlianta agus bhunscoile a leathnú. - Ensemble Óige Ghlúin an Cheoil a fhorbairt	- Deiseanna Ghlúin an Cheoil do mhic léinn lar-bhunscoileanna i scoileanna. - Na cláir luathbhlianta agus bhunscoile a dhúbailt. - Ensemble bunaithe agus taibhithe tosaigh déanta.	- Plean Straitéiseach Foilsithe. - Plean Oibriúcháin curtha i gcrích. - Tá an Clár Stiúideo Taifeadta Soghluaiste bunaithe go rathúil agus tá sé á rolladh amach i scoileanna anois. - Táimid de shíor ag cruthú deiseanna taibhithe dár gCeolfhoireann Trasteorann agus bíonn cleachtaí míosúla ar siúl againn do ghníomhaíochtaí éagsúla. In 2024, reáchtáladh léirithe sa Guildhall i nDoire agus sa Cheoláras Náisiúnta i mBaile Átha Cliath.
2. Comhoibriú le comhpháirtithe agus le páirtithe leasmhara chun deiseanna a chomhordú do gach duine óg i ngach réimse de na healaíona trí rannpháirtíocht le healaíontóirí ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta.	- Ceithre thionscnamh Ealaín áitiúil a fhorbairt do dhaoine óga atá idir 4 agus 18 mbliana d'aois. - Deis rannpháirtíochta a thabhairt do cheathrar ealaíontóirí áitiúla.	- Tionscnaimh pleanáilte agus curtha i gcrích. - Rannpháirtíocht curtha i gcrích.	- Os cionn 50 tionscadal beag agus mórscála a cuireadh ar fáil in 2024 agus a raibh níos mó ná 2.000 leanbh, duine óg, caomhnóir agus ball teaghlaigh rannpháirteach iontu. - Coiste Comhpháirtíochta Óige Ildánach Áitiúil (CÓIÁ) bunaithe.
3. Rannpháirtíocht leis an bpobal chun raon taibhithe drámaíochta a chur ar fáil do spriocphobail áitiúla agus tacú le healaíontóirí áitiúla trí thairiscint amharclainne don óige atá leathan agus éagsúil.	- Clár amharclainne uailmhianach a phleanáil agus a sheachadadh ag Amharclann Gharáiste. - Clár forbartha d'amharclann na n-óg a chur ar fáil.	- Clár Amharclannaíochta curtha i gcrích. - Clár críochnaithe - baill d'amharclann na n-óg le dul thar 150.	- Forbraíodh Plean Straitéiseach do thodhchaí na hAmharclainne le páirtithe leasmhara ábhartha. - Tá grúpa amharclannaíochta óige de 150 ball ag Amharclann Gharáiste, roinnte i dtrí bhráisle amharclannaíochta éagsúla. Taibhithe gach bráisle faoi dhó in 2024. - Uasghrádaíodh an rig soilsithe. Cuireadh lampaí caighdeánacha in ionad soilse LED le linn 2024.

Seirbhísí Ginearálta BOOCM

Sprioc: Oibriú i gcomhpháirt chun seirbhísí a fheabhsú agus a fhorbairt tuilleadh, seirbhísí a fhreagraíonn ar bhealach ionchuimsitheach do riachtanais ár bpobail

Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn in 2024
4. Leanúint ar aghaidh ag obair i gcomhpháirt le pobail chun tionscnaimh a fhorbairt agus chun tacú le tionscnaimh a bhfuil sé mar aidhm leo maolú i gcoinne an mhíbhuntáiste oideachasúil.	Leanúint ar aghaidh ag cur leis an tionscnamh seo in 2023 trí Chiste Cúnaimh d'Fhoghlaimoirí agus raon de thionscadail phobalbhunaithe.	Gairmeacha do thionscadail a eagrú agus obair a dhéanamh chun leibhéal mhaoinithe chosúla a fháil le leithdháileadh ar thionscadail in 2024.	Cuireadh maoiniú REACH i bhfeidhm go céimneach agus tugadh tacaíocht do 12 x tionscadal. Níl an Ciste Cúnaimh d'Fhoghlaimoirí indéanta mar gheall ar threoirlínte athbhreithnithe REACH do 2024.
5. Leanúint ar aghaidh le Feidhm Obair Óige BOOCM a leathnú agus a chinntiú go bhfuil seirbhísí á bhforbairt, go bhfuiltear ag tacú leo agus go bhfuil siad á bhfeabhsú de réir phrionsabail agus fhís na hoibre óige.	Leanúint ar aghaidh ag díriú ar thionscadail Óige atá bunaithe cheana féin.	Leanúint ar aghaidh ag díriú ar thionscadail atá bunaithe cheana féin.	Bunaíodh trí chlár PEACEPLUS in Aibreán 2024 - Alternatives, Face Off agus Options. Lean an obair le Comhairle Contae an Chabháin agus Comhairle Contae Mhuineacháin chun 2 Sheirbhís Óige eile a fhorbairt i ngach contae i 2025.

Seirbhísí Ginearálta BOOCM

Sprioc: Oibriú i gcomhpháirt chun seirbhísí a fheabhsú agus a fhorbairt tuilleadh, seirbhísí a fhreagraíonn ar bhealach ionchuimsitheach do riachtanais ár bpobail

Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn in 2024
6. Athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar shaincheistean / ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn agus comhoibriú le comhpháirtithe agus le páirtithe leasmhara ábhartha d'fhonn a chinntiú go dtacaítear le riachtanais agus go ndéileáiltear leo ar bhealach comhchoiteann agus ionchuimsitheach.	- Obair a dhéanamh chun riachtanais agus saincheistean a shainaithint agus tograí a bhunú chun déileáil leo seo. - Tograí tionscadail forbartha agus curtha chun cinn.	Forbraíodh agus rinneadh dul chun cinn ar thograí tionscadail.	Leanadh le Timthriall 2 de Scéim "UBU Do Spás, Do Áit" na RO i 2024 agus ghlac gach ceann de na 5 Sheirbhís Óige UBU Maoinithe againn páirt i 4 Chruinniú Athbhreithnithe agus Monatóireachta ar Dhul Chun Cinn agus Feidhmíocht (CADF) i rith na bliana.
7. Clár Oideachais Allamuigh éagsúil agus forásach a fhorbairt i Scoileanna, Ionaid agus Seirbhísí a sholáthraíonn comhionannas rochtana agus buntáistí folláine pearsanta, fisiciúla agus meabhraí an Oideachais Allamuigh.	- Forbairt agus seachadadh leanúnach clár ag IOOA na dTamhnach. - Lánpháirtiú leanúnach an oideachais allamuigh agus scoileanna agus ionaid BOOCM.	- Raon clár méadaithe ar fáil agus rannpháirtíocht bhreise. - Athchóiriú agus uasghrádú leanúnach ar áiseanna IOOA na dTamhnach.	- Cuireadh Cosán Rothar agus Scileanna isteach i gclár an Ionaid i 2024. - Méadú ar líon na gclár allamuigh faoi stiúir an phobail. - Bhí líon na gcuairteoirí níos ísle ná an bhliain roimhe sin, mar gheall ar easpa foirne Teagaisc atá ar fáil go náisiúnta. Bhí ar an ionad timpeall 9,000 lá cuairte a dhiúltú le linn an tséasúir bhuaice mar gheall ar róshubscríobh. - Cothabháil ionaid agus péinteáil go forleathan taobh istigh. - Limistéar nua Boghdóireachta agus Suíocháin Lasmuigh tógtha - Bhí athchóiriú iomlán ag seomra Cistine agus Fónais chun freastal ar gach comhlíonadh reachtúil cistine tráchtála atá ann faoi láthair.

Spriocanna Straitéiseacha BOOCM

Ár bhFoireann - Forbairt, Tacaíocht agus Folláine

Sprioc: Oibriú i gcomhpháirt mar fhoireann BOOCM chun tacú le ceannaireacht agus le dea-chleachtas, barr feabhais a sheachadadh agus tacú le comhionannas laistigh de chultúr áit oibre atá forásach.

Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn in 2024
1. Athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar ár gcórais agus próisis chun tacú le hearcú agus le coimeád na mball foirne is fearr leis na hinniúlachtaí riachtanacha.	- Seirbhís r-Earcaíochta nua a fhorbairt a bheidh nasctha le suíomh gréasáin nua BOOCM. - Leanúint ar aghaidh le hagallaimh ar bhonn inniúlachta a reáchtáil do phoist oiriúnacha - Leanúint ar aghaidh le tairbhe a bhaint as fíis-agallóireacht chianda do phoist áirithe. - Teacht ar chomhaontú maidir le straitéisí chun múinteoirí a aimsiú agus a earcú i margadh poist atá ag éirí níos iomaíche lena n-áirítear comhoibriú le hInstitiúidí Tríú Leibhéal agus freastal ar Aonach Gairme oiriúnach.	Earcú agus coimeád ball foirne ag a bhfuil na scileanna agus na hinniúlachtaí oiriúnacha.	- Suíomh gréasáin/tairseach earcaíochta nua soláthraithe agus curtha i bhfeidhm do mhúinteoirí Feachtas earcaíochta Samhraidh in Aibreán/Bealtaine 2024 (Céim 1). - Rollaithe amach do gach folúntas (Céim 2) faoi R4 2024.
2. Foireann thiomanta FGL a bhunú chun straitéis forbartha ghairmiúil uileghabhálach a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina gcomhtháthaítear bainistíocht, teagasc, riaracháin agus forbairt ball foirne coimhdeach.	- Anailís a dhéanamh ar riachtanais oiliúna agus forbartha foirne, ceanglais tosaíochta a shainaithint agus seasamh BOOCM mar eagraíocht foghlama a chomhdhlúthú²⁶. - Forbairt gach ceannaire BOOCM a éascú trí anailís a dhéanamh ar riachtanais agus trí chlár ábhartha a sholáthar, mar aon le treoir, foghlaim leanúnach agus tacaíochtaí forbartha gairme.	- Ball foirne sannta agus Foireann Forbartha Gairmiúla thras-earnálacha le bunú chun riachtanais oiliúna a shainaithint agus a mheas agus chun plan oiliúna a fhorbairt de réir an bheartais Forbartha Gairmiúla. - Rannpháirtíocht na foirne i réimse soláthar FGL, lena n-áirítear clár dheimhnithe.	- Bainisteoir Oiliúna ceaptha. - Scaipeadh Cúrsaí Oiliúna DCM ar an bhfoireann. - Cuireadh an Clár Oiliúna chun freastal ar chúrsaí oiliúna a thaifeadadh i bhfeidhm go céimneach sa Roinn Acmhainní Daonna.

²⁶ Tacú le foghlaim ar feadh an tsaoil, forbairt ghairme, uasoiliúint teagascóirí agus solúbtha i ndáil le himlonnú acmhainní

Ár bhFoireann - Forbairt, Tacaíocht agus Folláine

Sprioc: Oibriú i gcomhpháirt mar fhoireann BOOCM chun tacú le ceannaireacht agus le dea-chleachtas, barr feabhais a sheachadadh agus tacú le comhionannas laistigh de chultúr áit oibre atá forásach.

Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn in 2024
2. Foireann thiomanta FGL a bhunú chun straitéis forbartha ghairmiúil uileghabhálach a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina gcomhtháthaítear bainistíocht, teagasc, riaracháin agus forbairt ball foirne coimhdeach.	- Tacú le gach ball foirne chun conairí forbartha (pearsanta agus gairmiúil) a fhorbairt, agus a chinntiú go gcuirtear tacaíochtaí ábhartha ar fáil chun freastal ar riachtanais ghaolmhara - Líonraí agus prótacail foghlama chomhroinnte²⁷ a bhunú chun tacú le barr feabhais agus le dea-chleachtas gairmiúil inár scoileanna agus ionaid foghlama. - Clár r-Fhoghlama do Shlándáil Sonraí agus do Shlándáil TFC trí chórais bogearraí thiomanta. - Clár ionduchtaithe le cur ar fáil do bhaill foirne nua i scoileanna agus baill foirne BO (múinteoirí, Cúntóirí Riachtanas Speisialta, teagascóirí, baill foirne BO eile).	- FGL i réimsí nua, mar shampla, feasacht/cosaint an chomhshaoil. - Córas suaitheantais a fhorbairt do FGL curtha i gcrích. - Ceithre mhodúl hibrideacha ionduchtaithe a chur ar fáil. - Modúil athnuachana le cur ar fáil i rith na bliana.	- Feasacht Cibearshlándála lena n-áirítear Feasacht Fioscaireachta - Oiliúint TF a chlúdaíonn réimse modúl Microsoft. - Oiliúint Aoisliúntais (SPSPA) - Scileanna Glasa - Fuinneamh & Laghdaigh d'Úsáid - Modúil Foghlama DCM lena n-áirítear: - Crios Bán Lean - Mná sa Cheannaireacht - Tóir na Ceannaireachta - Scríobh Gnó/Ríomhphoist - Tuarascálacha agus Tuilleadh - Bainistiú/Iar-Chomhghleacaí a Bhainistiú - Briseadh Droch-Nósanna - Conas athruithe buana a dhéanamh - Próisis Earcaíochta Saor ó Chlaontacht - Seaimpín Meabhairshláinte - Oiliúint maidir le córas na Seirbhíse Comhroinnte Airgeadais lena n-áirítear tuairisciú Power BI agus P2P seachadta ag SCGO - Oiliúint um Chomhionannas agus Éagsúlacht - Oiliúint maidir le Saoráil Faisnéise (SF) do Chinnteoirí - An Cód Caiteachais Phoiblí - Oiliúint BOOÉ, lena n-áirítear Ceardlann CBSF, Oiliúint Theagmhálaí, Oiliúint um Chosc agus Réiteach Bulaíochta, Dlí Fostaíochta, Oiliúint Rialachais - Oiliúint do Mhaoir Dhóiteáin - Siompóisiam Printíseach na Seirbhíse Poiblí - Ceardlann ar líne um Fheasacht ar Inrochtaineacht ÚNM - NALA - Cultúr Gnáth-Bhéarla a threorú i d'Eagraíocht - Oiliúint Feasachta ar Threalamh Scáileáin Taispeána (TST) - Lárionad Uathachais an Bhaile Láir - Uathachas agus Cumarsáid - Oiliúint SEAI lena n-áirítear Méadrú Fuinnimh, Tomhas agus Fíorú agus Deontais. - Soláthar Poiblí Glas.

²⁷ I ndáil le topaicí idirghaolmhara, mar shampla, oideolaíocht agus ceannaireacht óige agus meáin shóisialta agus teacht aniar.

Ár bhFoireann - Forbairt, Tacaíocht agus Folláine

Sprioc: Oibriú i gcomhpháirt mar fhoireann BOOCM chun tacú le ceannaireacht agus le dea-chleachtas, barr feabhais a sheachadadh agus tacú le comhionannas laistigh de chultúr áit oibre atá forásach.

Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn in 2024
3. Tacaíocht/leabú gníomhach ár luachanna BOOCM agus ár gcultúr áit oibre a fheabhsú trí dhul i gcomhairle le baill foirne i ndáil le forbairt agus díriú ar fheabhas leanúnach.	- Luachanna BOOCM a leabú ar fud na heagraíochta trí chumarsáid a dhéanamh le gach ball foirne trí chainéil éagsúla, mar shampla, an suíomh gréasáin, seisiúin faisnéise foirne, SharePoint. - An fhoireann bainistíochta chun cumarsáid a dhéanamh le baill foirne chun ionchur a bhailiú agus chun scóip d'fheabhas leanúnach a shainaithint.	- Tá foireann uile BOOCM eolach air agus tuigeanann siad ár luachanna. - Cabhraíonn na baill foirne ar fad le clár oibre um fheabhas leanúnach BOOCM.	- Ráiteas Straitéise le Fís, Misean agus Luachanna BOOCM a scaipeadh ar bhaill foirne. - Fís BOOCM atá ionchorpraithe i sínithe ríomhphoist agus i gcáipéisíocht. - Feasacht ar siúl i rith 2024 trí ríomhphost agus trí SharePoint an Mhoil Foirne.
4. Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar ár gcleachtais agus nósanna imeachta AD ar mhaithe le forbairt fhorásach thimpeallacht ár n-áite oibre.	- Leanúint ar aghaidh le tionscnaimh a fhorbairt/le cúrsaí oiliúna a reáchtáil chun timpeallacht oibre dhearfach a spreagadh agus chun línte soiléire cumarsáide a chinntiú. - Obair Hibrideach/Chumaisc agus socruithe eile a bhaineann le freastal ar an áit oibre a bhainistiú de réir threoirlínte an Rialtais. - A chinntiú go bhfuil plean comharbais bunaithe ag BOOCM agus go gcuirtear cláir phleanála scoir ar fáil do gach ball foirne ábhartha.	Tá fianaise le fáil i gcleachtais agus i nósanna imeachta AD ar eagraíocht fhorásach ag a bhfuil an cumas athrú/forbairt a bhainistiú.	Rinneadh monatóireacht ar Éifeachtacht Oibre Hibrideach i rith 2024.

Ár bhFoireann - Forbairt, Tacaíocht agus Folláine

Sprioc: Oibriú i gcomhpháirt mar fhoireann BOOCM chun tacú le ceannaireacht agus le dea-chleachtas, barr feabhais a sheachadadh agus tacú le comhionannas laistigh de chultúr áit oibre atá forásach.

Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn in 2024
5. Tionscnaimh a fhorbairt chun cultúr agus cur chun cinn sláinte agus folláine sa timpeallacht oibre a leabú.	- Folláine a aithint mar phríomhghné de sholáthar FGL. - Tá Seirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe ar fáil don fhoireann ar fad mar aon le seirbhís teileafóin 24/7 agus Aip folláine. - Eagraíodh imeachtaí sóisialta don fhoireann i rith na bliana.	- Tá gné folláine san áireamh san FGL ar fad. - Tá rochtain ag an bhfoireann ar fad ar thacaíocht 24/7. - Mothaíonn na baill foirne go bhfuil luach lena gcuid oibre agus go bhfuil tacaíocht ar fáil dóibh.	- Scaip an soláthraí seirbhíse Cúnaimh d'Fhostaithe Nuachtlitir Spectrum Life le hait shuimiúla don fhoireann. - Imeachtaí foirne eagraithe, mar shampla, ceiliúradh Lá BOO.
6. A chinntiú go bhfuil ceannaireacht, córais agus struchtúir bunaithe agus ag feidhmiú go héifeachtach, chun déileáil le saincheistanna ábhartha comhionannais agus chearta an duine agus chun dualgas comhionannais agus chearta an duine na hearnála poiblí a chomhlíonadh.	Measúnú a dhéanamh ar shaincheistanna comhionannais agus chearta an duine agus plean feidhmithe a fhorbairt chun déileáil le saincheistanna ábhartha.	- Eagraíocht ionchuimsitheach a fhorbairt. - Oibleagáidí comhlíonta faoi dhualgas na hEarnála Poiblí.	Cuireadh Dualgas na hEarnála Poiblí i bhfeidhm ar fud na heagraíochta in 2024 ag cur béime ar Ráiteas Luachanna BOOCM.

Spriocanna Straitéiseacha BOOCM

Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta

Sprioc: Ár seasamh mar eagraíocht fhoghlaiméoirí, fhreagrach atá dírithe ar chomhionannas a chomhdhlúthú trí dhlús a chur le barr feabhais, nuálaíocht agus dea-chleachtas i ndáil le rialachas

Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn in 2024
1. Straitéis TFC chomhtháite, plean feidhmithe agus beartais chomhtháite a fhorbairt chun freastal ar riachtanais shainaitheanta agus chun tacú le glacadh le scoileanna digiteacha an 21 ^ú haois.	- Scóip a shainaitheant go córasach do bhreis claochlaithe dhigitigh chun an méid seo a leanas a mhéadú: (i) rochtain foghlaiméoirí/cúrsaí, (ii) roghanna seachadta cúrsa/foghlama²⁸ agus (iii) nuálaíocht/comhoibriú i ndáil le gach gníomhaíocht BOOCM. - Athbhreithniú a dhéanamh ar bhonneagar fisiciúil agus TFC BOOCM²⁹, ceanglais feabhsaithe a shainaitheant, agus maoiniú a fháil chun freastal ar riachtanais a bheidh ann amach anseo agus ar chuspóirí claochlaithe dhigitigh. - Éifeachtúlachtaí a bharrfheabhsú trí dhúbailt a laghdú i ndáil le seachadadh seirbhísí agus tairiscintí cúrsa, agus a chinntiú go bhfuil inrochtaineacht ar fhoghlaim á cothabháil/á méadú trí nuálaíocht agus claochlú digiteach. - Leanúint ar aghaidh le FGL a chur ar fáil do bhaill foirne trí na teicneolaíochtaí agus na feidhmchláir atá ar fáil dóibh a úsáid, cosúil le Office 365, MSTEAMS agus Moodle, chun an soláthar ar líne/cumaisc/aghaidh ar aghaidh in BOOCM a fheabhsú tuilleadh. Tairgfear na tacaíochtaí seo mar sheisiúin tacaíochta duine le duine/grúpa, seimineáir ghréasáin bheo, treoir leanúnach, agus tacaíocht. - Níos mó úsáide a bhaint as uirlisí Foghlama le Cuidiú Teicneolaíochta (FCT) i ngach ionad agus scoil BOO in BOOCM - Forbairt a dhéanamh ar theagasc hibrideach agus ar ghníomhaíochtaí foghlama i Scoileanna BOOCM, Clár Polainnise na hArdteistiméireachta mar shampla. - Síneadh a chur le Speisialachas Microsoft Office do mhic léinn atá i mBlain 1 - 4 i Scoileanna BOOCM.	- Tá Straitéis agus Plean Feidhmithe TFC cuimsitheach ag BOOCM agus tá Beartais ábhartha bunaithe. - Rinneadh dul chun cinn i ndáil leis na gníomhartha atá sonraithe sa Phlean Gníomhaíochta TFC reatha. - Líon na mac léinn atá ag baint tairbhe as ábhair agus as cúrsaí a dhéanamh trí fhoghlaim hibrideach a dhúbailt. - Tá an clár MOS gníomhach i ngach Scoil BOOCM agus tá na scrúduithe ábhartha curtha i gcrích ag mic léinn Idirbhliana rannpháirteacha.	- Tionscadal CBSF tosaithe in 2024 agus tá sé ar siúl go leanúnach ar chaighdeán bhonnlíne. - Tionscadal uasghrádaithe balla dóiteáin ar fud na scoileanna agus na n-ionad go haonfhoirmeacht de chineál críochnaithe. - Cuireadh tús le clár píolótach IS do mhúinteoirí le Oide. - Athbhreithniú ar phlean digiteach scoileanna uile BOOCM curtha i gcrích agus aiseolas roinnte le gach scoil. - Rinne 29 dalta Polainnis na hArdteistiméireachta le torthaí iontacha. - Rinne 1,347 dalta Idirbhliana scrúduithe MOS in 2024.

²⁸ Gnáthfhoghlaim, foghlaim chumaisc agus cianfhoghlaim

²⁹ Leathnú chun áiseanna agus úsáid fuinnimh a chur san áireamh

Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta			
Sprioc: Ár seasamh mar eagraíocht fhoghlaimeoirilárnach, fhreagrach atá dírithe ar chomhionannas a chomhdhlúthú trí dhlús a chur le barr feabhais, nuálaíocht agus dea-chleachtas i ndáil le rialachas			
Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn in 2024
2.Scóip a shainaitheint chun próisis rialachais, riaracháin, soláthair agus próisis ghaolmhara a shruthlíniú chun éifeachtúlachtaí a bharrfheabhsú agus chun leanúint ar aghaidh le ceanglais Bhord BOOCM a chomhlíonadh.	- Leanúint ar aghaidh le SharePoint a rolladh amach in BOO. - Córas bainistíochta doiciméad néalbhunaithe oiriúnach a sholáthar do EFT. Beidh na doiciméid agus an fhaisnéis ar fad inrochtana ó sheirbhísí agus ó chórais shlána néalbhunaithe. - Tús áite a thabhairt don obair a bhaineann le rialachas stuama a chur chun feidhme ar fud na heagraíochta chun a chinntiú go bhfuil reachtaíocht, rialacháin agus Imlitreacha á gcomhlíonadh ar mhaithe le trédhearcacht a chinntiú agus cuntasacht agus ar mhaithe le ceanglais iniúchta agus tuairiscithe a chomhlíonadh. - Leanfaidh an Feidhmeannas ar aghaidh ag obair leis an mBord d'fhonn a chinntiú go bhfuil dóthain faisnéise, doiciméad agus oiliúna ag baill den bhord, den Choiste Airgeadais agus de CIR chun cinntí eolasacha a bhaineann leis an bhfeidhm choimeádta a dhéanamh.	- Tá córais uathoibrithe bunaithe chun éifeachtúlachtaí próisis oibre a bharrfheabhsú agus chun ualach oibre na foirne a shruthlíniú. - Tá oibleagáidí Rialachais agus Comhlíonta comhlíonta chomh fada is a bhaineann le Soláthar, Bainistíocht Riosca, Comhlíonadh, AD, Airgeadas, Talamh agus Foirgnimh, agus TFC. - Tá faisnéis agus doiciméid curtha ar fáil trí shuíomh SharePoint tiomanta/rí Chruinnithe de réir an Chóid Cleachtais do Rialachas BOONna.	- Tá SharePoint rollta amach. - Obair ar siúl ar an gCóras Bainistíochta Doiciméad in 2024 agus tá sé le leanúint ar aghaidh isteach in 2025. - Córas Bainistíochta Conarthaí curtha i bhfeidhm ag an Roinn Soláthair faoi láthair. - Cuireadh faisnéis ar fáil do bhaill an Bhoird agus an Choiste trí SharePoint i rith 2024.
3.Lean ar aghaidh le tuilleadh clár píolótach roghnaithe BOO a threorú agus tacú leo chun tuilleadh feabhsuithe earnálacha a dhéanamh agus chun staid BOOCM chomh fada is a bhaineann le dlús a chur le nuálaíocht a chomhdhlúthú.	- Rannpháirtíocht leanúnach i bhfóraim agus i meithleacha náisiúnta le BOOÉ chun acmhainní a roinnt agus chun dea-chleachtas agus eolas cothrom le dáta a chinntiú. - Rannpháirtíocht ghníomhach i dtionscadail seirbhíse comhroinnte náisiúnta: Iocaíochtaí foghlaimeora SDOG agus Ógtheagmhála, Córas Bainistíochta Conarthaí, eRecruit.	Cinntíonn rannpháirtíocht agus tiomantas BOOCM ag leibhéal náisiúnta go mbíonn tionscadail phíolótacha á seachadadh.	D'fhreastail foireann BOOCM ar fhóraim ag leibhéal náisiúnta i rith 2024 trí BOOÉ.

Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta			
Spríoc: Ár seasamh mar eagraíocht fhoghlaimeoiríarnach, fhreagrach atá dírithe ar chomhionannas a chomhdhlúthú trí dhlús a chur le barr feabhais, nuálaíocht agus dea-chleachtas i ndáil le rialachas			
Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn in 2024
4. Straitéis Cumarsáide BOOCM a fhorbairt agus a chur chun feidhme, chun tacú le féiniúlacht chomhroinnte laistigh den eagraíocht agus chun feasacht ar ár mbranda agus seirbhísí a fheabhsú.	- Cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le páirtithe leasmhara seachtracha. Leanúint ar aghaidh le hiarrachtaí margaíochta digiteacha a chur chun feidhme chun spriocphobail ar líne BOOCM agus a láithreacht a mhéadú ar chainéil meán sóisialta trí theachtaireachtaí meán sóisialta tráthúla agus ábhartha. - Cumarsáid éifeachtach a dhéanamh - Cumarsáid Inmheánach: Timpeallacht oibre atá dearfach, tacúil agus 'nasctha' a chothú trí chumarsáid spriocdhírithe san áit oibre, tionscnaimh folláine agus eolaire foirne a chruthú. - Feasacht foirne ar spriocanna agus ar chuspóirí eagraíochta a mhéadú trí úsáid a bhaint as feachtais faisnéise chun nuacht agus dea-scéalta eagraíochta a roinnt.	- Tá Straitéis Cumarsáide chuimsitheach bunaithe ag BOOCM. - Tá ár bpobal ar an eolas faoi BOOCM agus faoinár seirbhísí.	- Le linn 2024, d'éirigh le BOOCM an Plean Gníomhaíochta Cumarsáide a chur i bhfeidhm. Cuireadh iarrachtaí margaíochta digití i gcrích go comhsheasmhach, rud a chuir le rannpháirtíocht mhéadaithe ar fud na n-ardán meán sóisialta agus a chuir feabhas ar fheasacht an phobail ar sheirbhísí BOOCM. Léirigh anailísíocht fás seasta i lucht féachana ar líne, rud a léirigh éifeachtacht teachtaireachtaí tráthúla agus ábhartha. - Go himmheánach, cuireadh tionscnaimh chumarsáide san ionad oibre i bhfeidhm go céimneach chun timpeallacht níos nasctha a chothú. Ina measc seo bhí nuashonruithe nuachta foirne agus grianghraif a chur le heolaire próifíle na bhfoirne foirne. Chuir na gníomhartha seo le nascacht na bhfostaithe, rud atá luachmhar in eagraíocht atá scaipthe go geografach.

Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta

Sprioc: Ár seasamh mar eagraíocht fhoghlaimeoirilárnach, fhreagrach atá dírithe ar chomhionannas a chomhdhlúthú trí dhlús a chur le barr feabhais, nuálaíocht agus dea-chleachtas i ndáil le rialachas

Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn in 2024
5. Tá obair déanta chun feidhmíocht fuinnimh BOOCM a fheabhsú chun tacú lenár Straitéis Éifeachtúlacht Fuinnimh agus le clár oibre um Ghníomhú ar son na hAeráide an Rialtais.	- Leanúint ar aghaidh le maoiniú a lorg chun saoráidí den chéad scoth a chur ar fáil lena n-áirítear foirgnimh a úsáideann teicneolaíochtaí cliste chun glanastaíochtaí nialasacha a chinntiú. - Ní mór do BOOCM, mar chomhlacht earnála poiblí a bhfuil freagrachtaí air, an sprioc de laghdú 51% ar Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa a chomhlíonadh faoi 2030. - Leanúint ar aghaidh ag tacú le infheistíocht leanúnach i mbearta laghdaithe fuinnimh trí rannpháirtíocht sna cláir seo a leanas: Pobail Oideachais Níos Fearr agus Clár um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fheasacht Fuinnimh BOOCM. - Monatóireacht agus athbhreithniú ar fheidhmíocht fuinnimh i ngach scoil agus ionad laistigh de BOOCM.	- Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide na hEarnála Poiblí BOOCM a chur i gcrích, mar aon le Tuairisceáin Mhonatóireachta agus Tuairiscithe a chur faoi bhráid an SEAI. An toradh feidhmíochta fuinnimh a thuairisciú do scoileanna agus d'ionaid BOOCM trí úsáid a bhaint as Foireann Uirlisí Rianaire Billí Fuinnimh SEAI agus scairbhileog na nÚsáideoirí Fuinnimh is Mó. - Oibriú le baill foirne agus le mic léinn tríd an gClár Feasachta Fuinnimh, Lá Glas, Clár Take One BOOÉ, Feachtas Laghdaigh d'Úsáid RCAC agus cumarsáid ríomhphoist chun feasacht agus tuiscint ar éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú. - Imscrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le maoiniú a fháil chun foirgnimh mhórúsáide fuinnimh a aisfheistiú.	- Cuireadh Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid BOOCM isteach ar an 28 Meitheamh de réir dháta seachadta an tSainordaithe um Ghníomhú ar son na hAeráide. - Tuairisceáin Mhonatóireachta agus Tuairiscithe agus Ráiteas Comhlíonta curtha faoi bhráid SEAI faoi spriocdhátaí ábhartha.

Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta			
Sprioc: Ár seasamh mar eagraíocht fhoghlaimeoirilárnach, fhreagrach atá dírithe ar chomhionannas a chomhdhlúthú trí dhlús a chur le barr feabhais, nuálaíocht agus dea-chleachtas i ndáil le rialachas			
Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn in 2024
6. Seachadadh seirbhíse éifeachtach leanúnach a chinntiú lena n-áirítear saoráidí agus bonneagar ar archaighdeán a chur ar fáil, mar aon le tacaíochtaí gairmiúla do scoileanna agus d'ionaid BO.	- Saoráidí oideachais in BOOCM a fheabhsú agus a fhorbairt. - Tús a chur le tionscadail nua – móroibreacha, SOS³⁰, SOÉ³¹, Deontais TF, Deontais Ábhair, Deontais Chaipitil Spóirt agus de réir mar is cuí. - Saoráidí BO a fhorbairt agus a fheabhsú. - Seirbhísí a chur ar fáil (tionscadail TFC agus foirgnimh) d'eagraíochtaí lasmuigh de shainchúram ginearálta BOOCM cosúil le bunscoileanna agus meánscoileanna eile. - Tacaíocht ghairmiúil a chur ar fáil do scoileanna agus do cheannairí BO ina ról bainistíochta chun rialachas agus comhlíonadh cuí a chinntiú.	- Tionscadail tógála reatha a chur i gcrích agus leanúint ar aghaidh le tionscadail nua. - Tacaítear le bainistíocht scoile agus BO ina ról airgeadais, comhlíonta agus rialachais.	- Cuireadh Tionscadail tógála chun cinn i rith 2024. - Cóiríocht Mhodúlach agus Shealadach: Coláiste Inbhir, Coláiste Achadh an Iúir, Coláiste Naomh Maodhóg. - Cead Pleanála: Coláiste Ard Feá, Coláiste Bhaile na Lorgan, Coláiste Dhún an Rí, Coláiste Achadh an Iúir. - Scoileanna nach BOO iad: Faoi Thógáil (3) in 2024. - Aonad printíseachta curtha i gcrích i Muineachán. - Cur i gcrích an aonaid shealadaigh d'Oiliúnacht ag Institiúid Mhuineacháin. - Críochnú na cistine in IOAT. - Dul chun cinn Choláiste BO na Toghcháin: Réamhchás Gnó. - Tá Microsoft Planner á úsáid chun cabhrú le tosaíochtaí a chuíchóiriú agus aird a tharraingt ar amlínte/meabhrúcháin ar ár dtionscadail thógála.

³⁰ Scéim na nOibreacha Samhraidh (SOS)

³¹ Scéim na nOibreacha Éigeandála (SOE)

Spriocanna Sainaitheanta sa Chomhaontú Seachadta Feidhmíochta

Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn in 2024
1. Rátaí tinrimh ag cruinnithe boird.	- Ba cheart do bhoird aonair béim a leagan an athuair ar an riachtanas a bhaineann le freastal ar gach cruinniú boird de réir an Chóid Cleachtais do Rialachas BOOnna. - Taifead a choinneáil ar neamhláithreacht nó leithscéalta. Neamhláithreachtaí gan leithscéalta a cheistiú.	Tinreamh uasta ag cruinnithe Boird agus Coiste.	- Meabhraítear don Bhord go rialta an riachtanas freastal ar gach cruinniú Boird. - An Sean-Bhord (Eanáir – Iúil 2024) Ráta Tinrimh 83%. - An Bord Nua (Meán Fómhair – Nollaig 2024) Ráta Tinrimh 95%.
2. Féinmheasúnuithe Boird.	Ba cheart do gach Bord féinmheasúnuithe a dhéanamh, trí úsáid a bhaint as an gceistneoir atá le fáil sa Chód Cleachtais, chun réimsí ina bhfuil gá le feabhas a shainaithint.	Féinmheasúnú Boird déanta, na feabhsuithe riachtanacha taifeadta agus tacaíocht oiliúna eagraithe más cuí.	Rinneadh é seo i Ráithe 4 2024.
3. Saineolas airgeadais ar choistí iniúchta agus airgeadais.	Ba cheart don Bhord ceapacháin ar choistí iniúchta agus airgeadais a dhéanamh i gcomhairle le cathaoirigh choiste. Ba cheart go mbeadh baill sheachtracha de choistí in ann tairbhe a bhaint as scileanna iniúchta agus airgeadais agus as taithí atá acu nuair a bhíonn a ról á gcomhlíonadh acu.	Tá coistí ceaptha agus tá an taithí agus anaineolas airgeadais riachtanach ag baill sheachtracha.	- Bunaíodh Coistí Iniúchta agus Riosca agus Airgeadais i R3 2024 tar éis toghchán an Bhoird BOOCM nua i Meán Fómhair 2024. - Tá an taithí agus anaineolas airgeadais is gá ag na baill.
4. Breithmheas an Bhoird ar obair curtha i gcrích an Coistí Airgeadais agus Iniúchta agus Riosca.	Ba cheart do Chathaoirleach gach bord a chinntiú go gcuirtear tuarascálacha i scríbhinn ar do bhaill Bhoird maidir leis an obair a chuir na Coiste Airgeadais agus Iniúchta agus Riosca i gcrích faoin gCód Cleachtais do Rialachas BOOnna.	Tuarascáil faighte ón gCoiste Airgeadais agus ón gCoiste Iniúchta agus Riosca agus curtha faoi bhráid an Bhoird.	Tuarascáil curtha faoi bhráid an Bhoird i ndiaidh gach cruinniú Coiste (Cúig chruinniú den Choiste Airgeadais agus ceithre chruinniú den Choiste Iniúchta agus Riosca reáchtáilte in 2024).
5. Féinmheasúnú déanta ag an gCoiste Airgeadais agus ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca.	Ba cheart do Chathaoirleach CIR agus do Chathaoirleach an Choiste Airgeadais a chinntiú go gcuirtear cleachtadh féinmheasúnaithe i gcrích gach bliain de réir mar a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais do Rialachas BOOnna.	Déanann Coistí féinmheasúnú.	Déanann gach coiste é gach bliain agus bíonn sé ar siúl i Ráithe 4.

Spriocanna Sainaitheanta sa Chomhaontú Seachadta Feidhmíochta

Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn in 2024
Forbairt Foirne ³² .	- Ba cheart don Phríomhfheidhmeannach an méid seo a leanas a chinntiú: - ceaptar ball foirne mar bhainisteoir oiliúna. - déantar anailís ar riachtanais oiliúna sa bhainistíocht airgeadais ar bhonn bliantúil. - forbraítear agus cuirtear chun feidhme clár oiliúna maidir le bainistíocht airgeadais	- Ball foirne sannta agus Foireann thras-earnálach le bunú chun riachtanais oiliúna a shainaithint agus a mheas agus chun Plean Oiliúna a fhorbairt de réir an bheartais Forbartha Gairmiúla agus na Samhla Aibíochta Airgeadais. - Rannpháirtíocht na foirne i réimse soláthar FGL, lena n-áirítear cláir dheimhnithe. - Clár ionductaithe curtha ar fáil d'fhoireann nua scoile agus BO. - FGL i réimsí nua, mar shampla, feasacht/cosaint an chomhshaoil - Córas suaitheantais a fhorbairt do FGL curtha i gcrích. - Cláir ríomhfhoghlama le haghaidh Slándáil Sonraí agus Slándáil TFC trí chóras bogearraí tiomnaithe.	- Bainisteoir Oiliúna i bhfeidhm a chomhordaíonn an clár oiliúna. - Athbhreithniú ar riachtanais oiliúna bainistíochta airgeadais. - Oiliúint a chuireann Cinn Rannóige ar fáil do Phríomhoidí agus do Phríomhoidí Tánaisteacha. - Nós Imeachta Ionductaithe don fhoireann riaracháin glactha agus á rolladh amach. - Forbraíodh Foirm Mheastóireachta chun aiseolas a fháil ón bhfoireann maidir le cúrsaí ar freastalaíodh orthu. Chuir BOOCM cúrsaí oiliúna ar fáil don fhoireann riaracháin: - Feasacht Cibearshlándála lena n-áirítear Feasacht Fioscaireachta. - Oiliúint TF a chlúdaíonn réimse modúl Microsoft. - Oiliúint Aoisliúntais (SPSPA) d'fhoireann pinsean BOOCM. - Oiliúint i gcóras na Seirbhíse Comhroinnte Airgeadais lena n-áirítear tuairisciú Power BI agus P2P. - Cód Caiteachais Phoiblí. - Siompóisiam Printíseach na Seirbhíse Poiblí - Oiliúint SEAI lena n-áirítear Méadrú Fuinnimh, Tomhas agus Fíorú agus Deontais. - Soláthar Poiblí Glas.

³² Tagraíonn sé seo do BOO a bheith ag cinntiú go sanntar freagracht fhoriomlán ar bhall dá fhoireann reatha as maoirseacht agus as cur chun feidhme oiliúna ar fud an BOO agus é mar a aidhm cur chuige straitéiseach, comhleanúnach agus éifeachtúil a chinntiú i ndáil le hoiliúint i ngach réimse feidhme. D'fhéadfadh a leithéid sin de ról a bheith ag teacht le struchtúir agus le socruithe reatha ar fud an BOO agus ní ceanglas atá ann gur ról lánaimseartha a bheadh ann. Is í an phríomh-shaincheist go mbeadh ball foirne ann a bhfuil an freagracht fhoriomlán air nó uirthi agus atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an gclár oiliúna.

Spriocanna Sainaitheanta sa Chomhaontú Seachadta Feidhmíochta

Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn in 2024
Tuairisceáin na Roinne agus spriocdhátaí tuairiscithe.	- Ní mór do thuairisceáin chuig an Roinn a bheith cruinn agus cloí le spriocdhátaí tuairiscithe. - Féilire Rialachais agus Chomhlíontachta curtha i bhfeidhm chun tuairisceáin in am a chinntiú.	- Cuirtear tuarascálacha isteach in am nó roimh an spriocdháta. - Tuairisceáin curtha isteach in am agus gan aon phionóis tabhaithe.	- Cloíodh le spriocdhátaí tuairiscithe in 2024, agus níor tabhaíodh aon phionóis. - Tá an Féilire Rialachais agus Comhlíonta curtha i gcrích i gcomhair 2024.
Beartas Bainistíochta Riosca.	Ba cheart do Bhord gach BOO a chinntiú go bhfuil próiseas leanúnach deartha chun riosca suntasacha a shainaithint agus déileáil leo, rioscaí a bhfuil baint acu le torthaí eintitis a chinntiú. Ba cheart do CIR tacú leis an mBord leis an ról seo.	- Is mír ardleibhéil ar an gclár oibre ag gach cruinniú bainistíochta é riosca. - Athbhreithniú ráithiúil déanta ar Chlár Rioscaí do EFT, BO agus Scoileanna, agus gníomhartha oiriúnacha déanta chun riosca a bhainistiú agus curtha i láthair ag gach cruinniú CIR, agus cuirtear miontuairiscí na gcruinnithe sin faoi bhráid an Bhoird. - Clár Rioscaí Corparáideacha Nua bunaithe do rioscaí Ardleibhéil. - Athbhreithniú ráithiúil déanta ag an bhFoireann Ardbhainistíochta curtha faoi bhráid an Bhoird.	Monatóireacht ráithiúil ar gach Clár Rioscaí i rith 2024.
Rialuithe Inmheánacha.	Ba cheart do Bhord gach BOO a chinntiú go bhfaigheann sé dearbhú réasúnach go bhfuil rialuithe sonraithe ag feidhmiú mar a bhí beartaithe.	- Cuireann scoileanna agus ionaid agus ranna riaracháin Ráitis ar Rialú Inmheánach (RRI) i gcrích. - Déanann Stiúrthóirí athbhreithniú orthu seo agus cuirtear faoi bhráid an Phríomhfheidhmeannaigh iad. - Ansin déanann siad cur i láthair don RRI agus do CIR a thuairiscíonn don Bhord.	- Bhí gach ráiteas i gcomhair 2023 críochnaithe agus cuireadh faoi bhráid FSB iad i R1 2024. - Cuireadh an RRI i gcomhair 2023 faoi bhráid an Choiste Iniúchta agus Riosca i Ráithe 1 2024.
Comhlíonadh.	- Gníomhaíocht dhearbhaíthe oibiachtúil a dhéanamh atá deartha chun luach a chur leis agus oibríochtaí BOOCM a fheabhsú. - Cur chuige córasach a thabhairt i leith monatóireachta agus athbhreithnithe - Feabhas a chur ar éifeachtacht an bhainistithe riosca, an rialaithe agus le próisis rialachais.	Déantar spotseiceálacha faoi stiúir an Ghrúpa Oibre um Chomhlíonadh.	Spotsheiceálacha curtha i gcrích i rith 2024.

9 Tuarascáil Bhliantúil ar Dhualgas Comhionannais agus Chearta an Duine na hEarnála Poiblí

Mar eagraíocht earnála poiblí, tá dualgas ar BOOCM faoi Dhualgas Comhionannais agus Chearta an Duine na hEarnála Poiblí deireadh a chur le hidirdhealú, tacú le comhionannas deiseanna agus cearta an duine fhostaithe BOOCM a chosaint agus na ndaoine a gcuirimid seirbhísí ar fáil dóibh, le linn dúinn ár bhfeidhmeanna mar eagraíocht a chur i gcrích.

In 2022, d'fhoilsigh BOOCM a mheasúnú ar shaincheisteanna a bhain le comhionannas agus le cearta an duine, agus plean feidhmithe agus gníomhaíochta chun Dualgas na hEarnála Poiblí a chur chun feidhme. I rith 2024, lean BOOCM ar aghaidh le fíis straitéiseach a chur chun feidhme atá bunaithe ar ghealltanas maidir le comhionannas agus cearta an duine a chinntiú dá mhic léinn, foghlaimoirí, baill foirne agus páirtithe leasmhara poiblí go ginearálta.

In 2024, bhí baint ag baill foirne as ar fud na heagraíochta le rolladh amach agus le leabú Luachanna Comhionannais agus Chearta an Duine BOOCM. Tá na luachanna seo a leanas - Comhpháirtíocht, Ionchuidsiú agus Ceartas Sóisialta - sainaitheanta mar luachanna a spreagann ár dtiomantas do chomhionannas agus do chearta an duine.

Tá iarrachtaí gníomhacha á ndéanamh ag BOOCM chun a Dhualgas Earnála Poiblí a leabú ina struchtúr eagraíochta, forbairt beartais agus soláthar agus seachadadh seirbhísí trí dhá mheitheal a dhéanann ionadaíocht ar gach colún de BOOCM. Beidh siad freagrach as Dualgais na hEarnála Poiblí a stiúradh ar fud na heagraíochta agus as feidhmiú mar thiománaí chun dlús a chur le tosú, tiomáint agus monatóireacht ar obair an BOOCM chun an Dualgas Earnála Poiblí a chur chun feidhme.

Ar bhonn leanúnach, tacaíonn BOOCM le tionscnaimh a bhfuil sé mar aidhm leo feasacht a mhúscailt ar chearta an duine agus ar chomhionannas, cosúil le:

- Leathnú a dhéanamh ar aonaid Riachtanas Speisialta Oideachais ar fud an Chabháin agus Mhuineacháin chun rochtain chomhionann ar oideachas a chinntiú.

- Cúrsaí oiliúna maidir le Feasacht ar Theanga Chomharthaíochta na hÉireann a eagrú i scoileanna, ionaid agus in oifigí riaracháin.
- Oiliúint agus monatóireacht ar Inrochtaineacht Dhigiteach lena n-áirítear doiciméid inrochtana a chruthú mar aon le suíomh gréasáin inrochtana do chách.
- Úsáid an Ghnáth-Bhéarla a fhorbairt san eagraíocht.
- Oiliúint i gComhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú i Scoileanna agus Ionaid. Seirbhísí Tacaíochta d'Fhoghlaimoirí a fhorbairt le hOifigeach tiomnaithe agus Seaimpíní Tacaíochta/Folláine Foghlaimoirí i ngach Seirbhís BO.

Leanfar ar aghaidh le tiomantas a bhaineann le comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a fhorbairt ar fud na heagraíochta agus le seirbhísí freagrúla a sholáthar mar aon le cúram do chustaiméirí den chéad.

10 Tuarascáil Bhliantúil 2024 ar Fheidhmíocht Fuinnimh na hEarnála Poiblí

Baineadh na sonraí seo a leanas as córas M&T SEAI do 2024:


Sprioc iontaise CO₂:

Bhí CO₂ iontaise 4.2% os cionn na bonnlíne 793,057 kgCO₂

2024: 826,641 kgCO₂

Sprioc 2030: 388,598 kgCO₂

Chun an sprioc seo a bhaint amach, ní mór CO₂ iontaise a laghdú 53% ó leibhéal 2024 laistigh de 6 bliana mar



Figióir 32 Sprioc CO₂ Iontaise


Sprioc iomlán CO₂:

Bhí CO₂ iomlán 27.2% faoi bhun na bonnlíne de 2,305,100 kgCO₂.

2024: 1,678,793 kgCO₂

Sprioc 2030: 714,198 kgCO₂

Chun an sprioc seo a bhaint amach, ní mór CO₂ a laghdú 57.5% eile ó leibhéal 2024 laistigh de 6




Figúir 33 Sprioc Iomlán CO₂

Sprioc Éifeachtúlachta Fuinnimh:


Faoi 2024, bhí feabhas 34.6% tagtha ar fheidhmíocht fuinnimh ón mbonnlíne.

Chun an sprioc éifeachtúlachta a bhaint amach, ní mór feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú 15.4% eile laistigh de 6 bliana mar atá leagtha amach sa ghrafaic thíos.



Figúir 34 Sprioc Éifeachtúlachta Fuinnimh

Cuirtear fuinneamh iomlán BOOCM i láthair sa tuarascáil córais M&T SEAI seo a leanas do 2024 roinnte idir cineálacha úsáide fuinnimh



Figióir 35 Úsáid Fuinnimh BOOCM 2024

An Sainordú a Chur i bhFeidhm

- Rinne BOOCM nuashonrú ar ár dTreochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide de réir riachtanais Sainordaithe um Ghníomhú ar son na hAeráide.
- In 2024 chuir CMETB sonraí M&T faoi bhráid SEAI tríd an gcóras ar líne in 2024 do 2023. Leanfaimid leis an gcleachtadh seo a chur i gcrích ar bhonn bliantúil mar atá leagtha amach i riachtanais Sainordaithe na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide.
- Leanann Foirne Glasa BOOCM ar fud gach Oifig Scoile/Ionaid agus Riaracháin ag freastal ar chruinnithe rialta a reáchtálann an Oifig Fuinnimh agus a thuairiscíonn d'Fhoireann Ardbhainistíochta BOOCM ina dhiaidh sin.
- Thosaigh baill d'Fhoireann Ardbhainistíochta BOOCM ar Oiliúint Ceannaireachta Sinsearaí um Ghníomhú ar son na hAeráide i R4 2024 agus isteach in 2025, soláthraíodh an oiliúint seo ag BOOÉ trí IRP.
- In 2024, chríochnaigh 33 Ball Foirne Riaracháin an cúrsa Fuinneamh agus Tusa, Laghdaigh d'Úsáid trí Moodle. Chomh maith leis sin, chríochnaigh 111 ball foirne

agus foghlaimeoir neamh-riaracháin an cúrsa seo, bhí sé seo sa bhreis ar an 1,311 ball foirne agus foghlaimeoirí riaracháin BOOCM a chríochnaigh an cúrsa Fuinneamh agus Tusa, Laghdaigh do Úsáid in 2023.

Gníomhaíochtaí Inbhuanaitheachta

- Ghlac BOOCM páirt i bhFeachtas "Laghdaigh d'Úsáid" na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide a thosaigh i R3 2024 agus a mhair go dtí deireadh R1 2025, Clár Tóg Ceann Amháin BOOÉ (Lá Bealtaine – Méadar Móinéir), agus ár Lá Glas bliantúil.
- Leanann Foirne Glasa BOOCM de thionscnaimh éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn ag leibhéal na Scoile/an Ionaid.
- Fuair BOOCM €435,000 in 2024 faoi dheontas Glas Díláráithe SOLAS agus gheobhaidh sé an maoiniú céanna arís in 2025 agus 2026. Bronnadh na cistí do 2024 i mí na Samhna 2024 agus geallann BOOCM an t-airgead seo a chaitheamh de réir riachtanais Solas.

Comhlíonadh le hImlitir 0001/2020: Nósanna imeachta chun na hastaíochtaí a bhaineann le haerthaisteal oifigiúil a fhritháireamh. Ní bhaineann an imlitir go díreach le comhlachtaí earnála poiblí seachas Ranna agus Oifigí Rialtais lárnacha. Measann BOOCM nach mbaineann seo leo.

11 Tuarascáil Bhliantúil ar fheidhmíocht oibleagáidí faoi

Acht na dTeangacha Oifigiúla, (Leasú), 2021

Treisiónn Acht na dTeangacha Oifigiúla, (Leasú), 2001, a achtaíodh i mí na Nollag 2021, Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Is é aidhm na reachtaíochta cur le, ar bhealach eagraithe thar thréimhse ama, líon agus caighdeán na seirbhísí a chuireann comhlachtaí poiblí ar fáil don phobal trí Ghaeilge.

Tháinig Alt 10A (Fógraíocht Comhlachtaí Poiblí) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, i bhfeidhm ar an 10 Deireadh Fómhair 2022 agus ciallaíonn sé go bhfuil dualgais le comhlíonadh ag comhlachtaí poiblí i ndáil leis an tslí a ndéanann siad cumarsáid i dteanga oifigiúil an Stáit.

Ní mór do gach comhlacht poiblí a chinntiú go ndéantar ar a laghad 20% dá fhógraíocht bhliantúil trí Ghaeilge agus go gcaithfear 5% den bhuiséad fógraíochta ar fhógraíocht i nGaeilge sna meáin Ghaeilge. Is oifig reachtúil neamhspleách í Oifig an Choimisinéara Teanga atá ag feidhmiú mar sheirbhís ombudsman agus mar ghníomhaireacht chomhlíontachta don Acht.

In 2024, d'fhreastail baill foirne ainmnithe ar sheimineáir éagsúla a d'eagraigh Oifig an Choimisinéara Teanga maidir le ceanglais nua an Achta. Ag tógáil ar an mbunobair a leagadh síos trí theagmháil foirne le hOifig an Choimisinéara Teanga, neadaigh BOOCM dualgais Ghaeilge bhreise ar fud na heagraíochta.

Chuidigh cruinnithe agus cumarsáid leanúnach le scoileanna agus le hionaid lefeasacht inmheánach a mhúscailt ar ár bhfreagrachtaí faoin Acht. Mar chuid de seo, d'fhorbair BOOCM treoirínte soiléire fógraíochta a bhaineann le hearcaíocht, léirithe spéise, agus feachtais fógraíochta síorghlasa chun comhlíonadh iomlán na rialachán fógraíochta Gaeilge 20% agus 5% a chinntiú.

Príomhbhuaicphointe in 2024 ab ea an chéad fhógra teilifíse riamh de chuid BOOCM a

craoladh ar TG4, agus é ina chloch mhíle shuntasach i gcur chun cinn ár seirbhísí trí Ghaeilge. Comhlánaíodh é seo le hiarrachtaí leanúnacha caighdeáin dhátheangacha a choinneáil maidir le sínithe ríomhphoist, comhfhreagras oifigiúil, foirmeacha, agus ábhar atá os comhair an phobail.

Chríochnaigh BOOCM tuairisceán leictreonach comhlíonta chuig an gCoimisinéir Teanga i leith fógraíochta a cuireadh ar siúl ón 01 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024 agus an fhógraíocht sin san áireamh. Sonraíonn an tuairisceán comhlíonadh BOOCM leis na rialacháin fógraíochta 20% agus 5%. Cuireadh an tuairisceán seo faoi bhráid an Choimisinéara Teanga i mí an Mhárta 2025.

Tá BOOCM tiomanta i gcónaí seasamh le húsáid na Gaeilge agus í a leathnú inár gcumarsáid, agus ár ndualgais faoin Acht a chomhlíonadh ar bhealach fiúntach agus infheicthe.

12 Tuarascáil Bhliantúil ar Nochtaí Cosanta

An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014- 2022

Tháinig an tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014 i bhfeidhm ar an 15 Iúil 2014 agus leasaíodh é ar an 1 Eanáir 2023 le hAcht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022.

Soláthraíonn an tAcht seo creat inar féidir le hoibrithe aird a tharraingt ar ábhair imní maidir le héagóir fhéideartha atá tagtha chun solais san áit oibre agus fios acu gur féidir leo tairbhe a bhaint as cosaintí suntasacha agus as cosaintí eile má ghearrann a f(h)ostóir pionós orthu nó má fhulaingíonn siad aon díobháil de bhrí go ndearna siad amhlaidh.

Tá beartas agus nósanna imeachta bunaithe ag BOO an Chabháin agus Mhuineacháin (BOOCM), a spreagfaidh oibrithe, i dteannta leis an reachtaíocht, chun éagóir fhéideartha a thuairisciú agus fios acu go nglacfar go dáiríre lena n-ábhar imní agus go ndéanfar iad a imscrúdú, más cuí, agus go mbeidh a rúndacht á hurramú.

Leagtar béim sa bheartas seo ar an bpointe go bhfuil sé oiriúnach i gcónaí aird a tharraingt ar ábhair imní má tá siad bunaithe ar thuairim réasúnach, beag beann ar cibé acu a sainaithnítear nó nach sainaithnítear aon éagóir ina dhiaidh sin. Chomh maith leis sin, tá treoir le fáil d'oibrithe sa bheartas maidir le conas aird a tharraingt ar ábhair imní.

Baineann an beartas seo le gach oibrí BOOCM, lena n-áirítear conraitheoirí, comhairligh, baill foirne ghníomhaireachta, iar-fhostaithe agus intéirnígh/oiliúnaithe.

De réir fhorálacha na nAchtanna um Nochtadh Cosanta, tá Fiona Nugent ceaptha ag BOOCM chun glacadh le nochtaí cosanta. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an oifigeach ainmnithe trí ghlaoh ar an uimhir 047 30888, trí ríomhphost a sheoladh chuig speakup@cmety.ie nó trí chomhfhreagras a sheoladh sa phost chuig BOO an Chabháin agus Mhuineacháin, an tIonad Riaracháin, Sráid an Mhargaidh, Muineachán, H18 W449.

Tuarascáil Bhliantúil maidir le Nochtaí Cosanta 2024

Tuarascáil bhliantúil Bhord Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin de réir mar a cheanglaíonn Alt 22 d'Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 (arna leasú).

De bhua an cheanglais seo, deimhníonn BOOCM nach bhfuarthas aon (0) tuarascáil faoin Acht um Nochtadh Cosanta i rith 2024. Rinneadh measúnú ar nochtadh a fuarthas in 2022, agus níor measadh gur Nochtadh Cosanta a bhí ann de réir bhrí na reachtaíochta.

Liosta Giorrúchán

AASEP	Aonad Athchóirithe Soláthair na hEarnála Poiblí
AC&C	An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
AGPRC	Anailís Ghuaise agus Pointe Rialaithe Criticiúil All An tAonad Iniúchta Inmheánaigh
ArcGIS	Córas Faisnéise Geografaí
BB	Bord Bainistíochta
BCTE	
(ESOL)	Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile
BO	Breisoideachas agus Oiliúint
BOO	Bord Oideachas agus Oiliúna
BOOCM	Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin
BOOÉ	Boird Oideachais agus Oiliúna na hÉireann
BSF	Bainistíocht Soghluaisteachta Fiontair
BTC	Bainisteoir Tacaíochta Comhpháirtíochta
CAFD	Cruinniú Athbhreithnithe ar Fheidhmíocht agus ar Dhul Chun Cinn
CB	Cibeareilimintí Bunúsacha
CBSF	An Córas um Bainistiú Slándáil Faisnéise
CÉC	Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú
CFM	Clár Foghlama Malartach
CFS	Comhaontú Feidhmíochta Straitéiseach
CIA	Cúrsa Iar-Ardteistiméireachta
CIR	An Coiste Iniúchta agus Riosca
CLS	Comhaontú Leibhéal Seirbhísí
CMOM	An Ciste um Míbhuntáiste Oideachasúil a Mhaolú BFM Bainistíocht Feidhmchláir Mhóibíleacha
CNOS	An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
CNPPT	
(NAPD)	An Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha
COIÁ	Comhpháirtíocht Óige Ildánach Áitiúil
CRMÉ	Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn
CSF	Comhaontú Seachadta Feidhmíochta
DCC	Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
DTB	Déantúsaíocht Trealaimh Bhunaidh
ERSO	Eagraí Riachtanas Speisialta Oideachais
ESBI	Eolas Slándála agus Bainistíocht Imeachtaí
FACC	Forbairt Áitiúil Chontae an Chabháin
FCT	Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta
FGL	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
GNM	Gás Neamhghníomhach Miotail
GTPI	Guth thar Phrótacal Idirlín
IB	An Idirbhliain
IOAT	Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh na dTamhnach

IOOA	Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh
IOS	Ionad Oibríochtaí Slándála
IS	Intleacht Shaorga
ISG	Intleacht Shaorga Ghiniúnach
LAS	Litearthacht Aosaigh don Saol
LCF	Líonra Comhairleach Foghlaimeoirí
LDÓ	Leanaí agus Daoine Óga
LEÓ	Lárionad Eolais don Ógra
LSSS	Lóistíocht Slabhra Soláthair agus Soláthair
LTA	Leas-Teagmhálaí Ainmnithe
M&T	Monatóireachta agus Tuairisciú
M365	Microsoft 365
MC	Micricháilíocht
NSU	Neamhord de chuid Speictream an Uathachais
OCS	Oifigeach um Chosaint Sonraí
OILA	Oideachas Ilchreidimh agus Luachanna Aitheantais
OSR	An Oifig um Sholáthar Rialtais
PLG	Plean Leanúnachais Ghnó
POC	Príomhoifigeach Cúnta
POR	Príomhoifigeach Riosca
PSC	Pleanáil Soláthair Chorporáidigh
PSI	Plean Soláthair Ilbhliantúil
PTF	Príomhtháscaire Feidhmíochta
RAB	Ráitis Airgeadais Bhliantúla
RBATNE	An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta
REALT	
(FOTR)	Foireann Oideachais agus Teanga Réigiúnach
RFAA	An Roinn Fuinnimh agus Athrú Aeráide
RGCS	An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí
RLCMLÓ	An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
RO	An Roinn Oideachais
RRI	Ráiteas ar Rialú Inmheánach
RSO	Riachtanais Speisialta Oideachais
SCCI	
(IPAS)	Seirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta
SCGO	Seirbhísí Comhroinnte Gnó Oideachais
SDFC	Seirbhísí Dearbhaithe agus Feabhsaithe Cáilíochta
SDOG	Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais
SEAI	Údarás Fuinneamh Inmharthana na hÉireann
SEPGA	Sainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide
SFGM	An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí
SNP	Scoil Náisiúnta Pobail

SOÉ	Scéim Oibreacha Éigeandála
SOLAS	Seirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna
SOS	Scéim Oibreacha Samhraidh
SPG	Soláthar Poiblí Glas
SPSPA	An Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aoanir
TA	Teagmhálaí Ainmnithe
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
TFE	Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta
TMCL	Tuarascáil Mhaoirseachta um Chosaint Leanaí
TOÁ	Tionscnamh Oiliúna Áitiúil
TRSO	Tionscnamh Riachtanas Speisialta Oideachais
TST	Trealamh Scáileáin Taispeána

Tá an leathanach seo bán d'aon ghnó



cmetb

Bord Oideachais agus Oiliúna
an Chabháin agus Mhuineacháin
Cavan and Monaghan
Education and Training Board

Cumhachtú trí Fhoghlaim agus dul chun
cinn do Chách

Empowerment through Learning and
Progression for All

www.cmetb.ie